



# Cláir Foghlama Leibhéal 2

Treoirínite do Mhúinteoirí



# An Clár Ábhar

<b>Cuid a hAon: Cúlra</b>	<b>5</b>
An Réamhrá	6
Spríocghrúpa	7
Na Treoirlínte	8
Clár foghlama	9
Gnóthachtáil a chúiteamh	9
Struchtúr na dtreoirlínte	10
<b>Cuid a Dó: Treoirlínte</b>	<b>11</b>
2.1 Fís	12
2.2 Prionsabail	12
2.3 Gnéithe	13
2.4 Aonaid Tosaíochta Foghlama	14
<b>Cuid a Trí: Measúnú agus tuairisciú</b>	<b>29</b>
<b>Cuid a Ceathair: Ó threoirlínte go clár foghlama</b>	<b>39</b>
An Réamhrá	40
3.1 Na clár foghlama i ngníomh	40
3.2 Roinnt clár samplach foghlama	44
<b>Clár foghlama 1: Pól (iar-bhunscoil)</b>	<b>45</b>
<b>Clár foghlama 2: Fiona (scoil speisialta)</b>	<b>58</b>
<b>Clár foghlama 3: Seán (iar-bhunscoil)</b>	<b>69</b>
<b>Clár foghlama 4: Máire (scoil speisialta)</b>	<b>81</b>
<b>Aguisín 1: Briathra Gnímh Chlár Foghlama Leibhéal 2</b>	<b>90</b>
<b>Aguisín 2: Táscairí an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí d'Fhoghlaim Leibhéal 2</b>	<b>92</b>



# Cuid a hAon: Cúlra

# An Réamhrá

Tá go leor athruithe suntasacha tarlaithe i sochaí na hÉireann ó tugadh isteach an tSraith Shóisearach in 1989, agus ó rinneadh forbairtí ó shin ar an gcuraclam ag an tSraith Shóisearach ar nós Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) a thabhairt isteach. Tá próifíl scoláire na sraithe sóisearaí tar éis athrú, agus léirítear níos mó éagsúlachta i riachtanais foghlama, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu.

Tá athrú reachtach agus beartais i réimse an oideachais speisialta mar bhuntaca leis an spreagadh i dtreo ionchuimsiú agus aird dírithe ar shaincheist an chomhionannais agus na teidliochta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu.

Faoi théarmaí an Achta Oideachais, tá feidhm ag CNCM comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi churaclam agus faoi mheasúnú do scoláirí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais orthu. Cé go bhfuil go leor catagóirí difriúla de riachtanais speisialta oideachais ann, dhírigh an chéad phiosa oibre a rinne CNCM faoin sainordú seo ar scoláirí faoi mhíchumais foghlama ghinearálta. In 2002, d'fhorbair agus d'fhoilsigh CNCM *Dréacht-Treoirlínte do Mhúinteoirí Scoláirí faoi Mhíchumais Foghlama Ghinearálta*.

Bhí próiseas comhairliúcháin ann ina dhiaidh sin trínar tugadh cuireadh do na comhpháirtithe oideachais a n-aiseolas agus a dtuairimí faoi na dréacht-treoirlínte a chur in iúl. Ba é an t-aiseolas sin a chuir bonn eolais faoi fhoilseachán deiridh na *dTreoirlínte do Mhúinteoirí Scoláirí faoi Mhíchumais Foghlama Ghinearálta* (2007).

Nocht an t-aiseolas sin freisin bearna i soláthar an churaclaim, an mheasúnaithe agus an teistiúcháin sa tsraith shóisearach don scoláire sa réimse éadrom go meánach de mhíchumais foghlama ghinearálta. Thug an comhairliúchán le fios, cé go raibh múinteoirí ag tacú leo ag úsáid na gcur chuige is sofaisticiúla idirdhealaithe, lena n-áirítear soláthar Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí, go raibh grúpa beag scoláirí ann nach dtiocfadh leo curaclam príomhshrutha na sraithe sóisearaí a leanúint. Cuireadh pointe tábhachtach eile in iúl leis – ní raibh an curaclam go hiomlán oiriúnach don ghrúpa scoláirí seo ar theastaigh tacaíocht chomhbheartaithe uathu ina bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil. Ba é an aidhm a bhí le clár nua don tSraith Shóisearach a thabhairt isteach in 2014 an curaclam a dhéanamh níos inrochtana don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Tugadh Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) isteach in 2014 chun an grúpa beag scoláirí a dtagraítear dóibh anseo a áireamh.

Tá CNCM faoi láthair ag forbairt Clár Foghlama Leibhéal 1 do na scoláirí siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu idir íseal measartha agus géar agus trom chun an tsraith shóisearach a dhéanamh níos ionchuimsithí.

**“Sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) tugtar níos mó solúbthachta do scoileanna cláir a dhearadh atá oiriúnach do riachtanais a scoláirí sraithe sóisearaí agus do chomhthéacs áirithe a scoile”**

*Creat don tSraith Shóisearach: ROS, 2015*

## Spriocghrúpa

Is iad na scoláirí a bhfuil míchumas foghlama sa raon cumais idir éadrom agus íseal go measartha ard a thugann faoi CFL2.

Bainfidh na scoláirí sin tairbhe as CFL2 mar díronn sé go sonrach ar fhorbairt agus foghlaim i réimsí amhail: litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach, teanga agus cumarsáid, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaille agus forbairt shóisialta agus phearsanta.


Bhainfeadh soláthar Phlean Oideachais don Dalta Aonair (PODA)<sup>2</sup>, agus é i bhfeidhm go hiomlán, le go leor de na scoláirí seo. Cé nach bhfuil aon fhoinsé sonraí chríochnaitheach aontaithe agus aitheanta ann ar a fhorleithne is atá riachtanais speisialta oideachais in Éirinn, measann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag idir 18-25% de pháistí uile na hÉireann. Ní chuirtear gach uile scoláire ag a bhfuil míchumas éadrom foghlama ginearálta acu sa ghrúpa scoláirí atá á phlé againn anseo, mar sin seasann an spriocghrúpa le haghaidh céatadán an-íseal de na scoláirí uile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is iad na scoláirí is dóchúla a bheidh sa chatagóir seo scoláirí a dteastaíonn Tacaíocht Scoile Móide uathu (*Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-bhunscoileanna*, Treoirilínte, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2007).

Tá formhór na scoláirí in aois na sraithe sóisearaí sna catagóirí seo cláraithe i scoileanna speisialta. Tá scoláirí eile i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus tá roinnt díobh i ranganna cumais mheasctha sna scoileanna sin. I ngnáth-iar-bhunscoil d'fhéadfadh go mbeadh suas le beirt nó triúr de na scoláirí seo ann. Meastar go dtabharfaidh na scoláirí atáthar a phlé anseo faoi na CFL2anna i suíomhanna príomhshrutha chomh fada agus is féidir. Ar ndóigh, d'fhéadfadh go mbeadh teagasc i ngrúpaí beaga nó duine le duine níos oiriúnaí ó am go chéile.

Anois is arís, d'fhéadfadh scoláire tabhairt faoi CFL2anna nuair is féidir a foghlaim a aithint in ábhar amháin nó in dhá ábhar ag Leibhéal 3 freisin. Ba cheart socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh na scoláirí sin chun tabhairt faoin bhfoghlaim sa dá leibhéal ionas go mbeifear in ann a ghnóthachtálacha uile a aithint.

**Tá formhór na scoláirí in aois na sraithe sóisearaí sna catagóirí seo cláraithe i scoileanna speisialta. Tá scoláirí eile i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus tá roinnt díobh i ranganna cumais mheasctha in iar-bhunscoileanna. I ngnáth-iar-bhunscoil d'fhéadfadh go mbeadh suas le beirt nó triúr de na scoláirí seo ann.**

<sup>2</sup> Aithnítear go bhfuil PODAanna, mar a leagtar amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu, 2004, fós le cur i bhfeidhm ina n-iomláine i scoileanna.



## Na Treoirínite

Is é cuspóir na dtreoirínite cabhrú le múinteoirí i ngach uile suíomh chun cláir foghlama a dhearadh chun riachtanais sonracha na scoláirí atá i gceist a chomhlíonadh. Forbraíodh na treoirínite le roinnt scoileanna agus suíomhanna a bhí ag obair leis an ngrúpa scoláirí seo cheana féin. Tríd an rannpháirtíocht le scoileanna, léiríodh go leor saincheisteanna agus dúshlán a bhaineann le riachtanais an ghrúpa scoláirí seo a chur san áireamh. Chruthaigh sé sin deis le samplaí den dea-chleachtas atá i dteagasc agus foghlaim sa réimse seo cheana féin a shainaitheint agus a fhiosrú, ach dheimhnigh rannpháirtíocht an gá le cur chuige éagsúil atá níos comhbheartaithe i leith an churaclaim agus an mheasúnaithe chun riachtanais na scoláirí ar leith sin a shásamh chomh maith.

Tá na CFL2anna ailínithe go ginearálta le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Bronntar Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar scoláirí a thugann faoi CFL2anna. Is teastas scoile é sin a bhronntar ar gach scoláire nuair a chuireann sé clár na Sraithe Sóisearaí i gcrích ag aithint an raon iomlán gnóthachtálacha a d'éirigh leis a bhaint amach ag an gcéim sin dá oideachas.



## Cláir foghlama

Is í an tsraith shóisearach an chéim dheiridh den oideachas éigeantach agus clúdaítear inti tréimhse ríthábhachtach i saol gach duine óig. Is am é ina dtarlaíonn athrú, fás agus forbairt don scoláire agus é ag bogadh ón óige go dtí an luathaosacht. Ag aithint gur féidir le daoine óga sa tsraith shóisearach leibhéal dhifriúla aibíochta agus rátaí dul chun cinn a léiriú, is minic gur go neamhfholasach a tharlaíonn ullmhú le haghaidh maireachtáil mar dhuine. Teastaíonn ó scoláire Chláir Foghlama Leibhéal 2 cláir ina saináithnítear agus ina bhforbraítear go follasach na príomhréimsí foghlama a theastaíonn chun maireachtáil mar dhuine fásta.

Leagtar na haonaid seo amach mar chúig Aonad Tosaíochta Foghlama (ATF).

Cumarsáid agus Litearthacht

Uimhearthacht

Cúram Pearsanta

Cónaí i bPobal

Ullmhú don Obair

## Gnóthachtáil a chúiteamh

Tuairisciú leanúnach ar an dul chun cinn agus ar éachtaí an scoláire a thugann faoi CFL2 trí thuairiscí rialta na scoile do thuismitheoirí go dtí an tríú téarma den bhliain acadúil ina gcuirtear obair an scoláire i láthair le haghaidh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Ag an bpointe sin aithnítear éachtaí an scoláire go foirmiúil ar an PGSS.

Tá tuilleadh treorach do scoileanna maidir le tuairisciú sa rannán de na Treoirí seo dar teideal Measúnú agus Tuairisciú.

## Struchtúr na dtreoirlínte

---

Leagtar amach na treoirlínte ina dtrí chuid. Cuirtear na treoirlínte i láthair sa rannán seo.

I gCuid a Dó tugtar achoimre ar an bhfís, ar na prionsabail agus ar na gnéithe lena gcuirtear bonn agus taca faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2. Leagtar amach inti na hAonaid Foghlama Tosaíochta a bhfuil na cláir foghlama tógtha timpeall orthu. Breathnaítear i gCuid a Trí ar mheasúnú agus tuairisciú: an chaoi a gcothaítear agus a mbailítear fianaise ar an bhfoghlaim agus a dtuairiscítear uirthi i gCláir Foghlama Leibhéal 2. Breathnaítear i gCuid a Ceathair ar an gcaoi ar féidir le scoileanna na dtreoirlínte a úsáid chun cláir foghlama a fhorbairt. San áireamh ann tá raon samplaí de chláir shamplacha foghlama a d'fhorbair scoileanna i gcomhar le CNCM.

Forbraíodh breis tacaíochta do mhúinteoirí maidir leis na treoirlínte seo a úsáid trí Thacar Uirlisí Leibhéal 2 atá ar fáil ag <http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Level-2-LPs>

## Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus an Creat don tSraith Shóisearach

Tá ocht **bprionsabal**, agus ceithre **ráiteas foghlama** is fiche mar bhuntaca leis an [gCreat don tSraith Shóisearach](#).

Baineann siad sin le gach scoláire sa tSraith Shóisearach, mar sin tá prionsabail agus gnéithe CFL2 ailínithe leo agus déantar iad a fhorbairt níos mó le haghaidh na CFL2anna.

Baineann na gnéithe seo a leanas leis na sonraíochtaí ábhar agus gearrchúrsaí faoi mar a dhéantar cur síos orthu sa Chreat don tSraith Shóisearach:

- bunaithe ar thorthaí
- léireoidh siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaim
- leagann siad amach ionchais shoiléire d'fhoghlaim
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- díríonn siad ar ocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí
- tá siad chomh soiléir, comhsheasmhach agus inrochtana agus is féidir

Tá na gnéithe sin le feiceáil sna sonraíochtaí d'Aonaid Tosaíochta Foghlama na CFL2anna agus i ngearrchúrsaí Leibhéal 2 a forbraíodh le haghaidh scoláirí a thugann faoi CLF2anna.

## Cuid a Dó: Treoirlínte

## 21 Fís

---

Bíonn scoláirí i lár an teagaisc agus na foghlama, agus beidh eispéireas oideachais acu ina dtéitear i ngleic lena riachtanais aonair agus a chuireann ar a gcumas maireachtáil, foghlaim, oibriú agus cur leis na pobail ina bhfuil siad lena oiread neamhspleáchais agus is féidir.

## 22 Prionsabail

---

Leagadh na prionsabail amach ar bhealach a fhéachann le cuidiú le scoileanna agus múinteoirí cláir foghlama atá oiriúnach do riachtanais a scoláirí a dhearadh. Bealach amháin chun na prionsabail sin a sheachadadh is ea trí CFL2anna a thairiscint mar rogha don tSraith Shóisearach. Gheobhaidh an scoláire a thugann faoi CFL2anna eispéireas ar roinnt ráiteas foghlama nó orthu ar fad agus forbróidh sé a scileanna trí rannpháirtíocht le ATFanna, Gearrchúrsaí agus eispéiris churaclaim agus foghlama eile.

### Foghlaim le foghlaim

Dearadh na cláir foghlama chun tacú leis an scoláire a bheith neamhspleách ina chuid foghlama agus feasach air féin mar scoláire.

D'fhéadfaí go mbeadh sé i gceist leis seo, mar shampla, an scoláire a spreagadh chun smaoineamh faoi straitéisí le húsáid

nuair atá sé ag ullmhú le haghaidh tasc foghlama, cuir i gcás modh céim ar chéim a chur i bhfeidhm.

### Rogha agus solúbthacht

Bíonn na cláir solúbtha agus léirítear iontu an réimse comhthéacsanna agus suíomhanna atá i gceist.

A oiread agus is féidir, éascaítear rogha an scoláire. Ba cheart go mbeadh rogha leabaithe san fhoghlaim agus sa teagasc maidir le conas a théann an scoláire i ngleic lena fhoghlaim féin agus ar an gcaoi a dtaispeánann sé an fhoghlaim sin.

### Cáilíocht

Bíonn na cláir faoi réir athbhreithniú, forbairt agus coigeartú leanúnach ar mhaithe leis an scoláire agus a fhorbairt iomlánaíoch.

### Cruthaitheacht agus nuálaíocht

Tugtar deis sna cláir do mhúinteoirí agus scoláirí dul i ngleic leis an gcuraclam ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha. Cuireann siad ar chumas an scoláire freisin a bhuanna cruthaitheacha a fhiosrú agus a fhorbairt.

### Dul i ngleic agus rannpháirtíocht

Is féidir leis an scoláire dul i ngleic leis na hAonaid Foghlama Tosaíochta trí raon leathan eispéireas oideachais. Tá brí ag baint le cláir don scoláire, tá siad taitneamhach agus tacaíonn siad leis chun a chumas a bhaint amach. Nascann an fhoghlaim leis an saol taobh amuigh den scoil. Cuimhnítear ar réamhfhoghlaim agus eispéiris, ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta, agus ar oiriúnacht aoise an scoláire.

### Leanúnachas agus forbairt

Pleanáiltear na cláir d'fhonn na haistrithe is mó a bhíonn ag an scoláire, go háirithe an t-aistriú ón oideachas bunscoile chuig oideachas iar-bhunscoile a éascú. I gclár a thógann ar an bhfoghlaim roimhe seo agus a thacaíonn leis an scoláire chun naisc a dhéanamh laistigh agus thar réimsí foghlama, cuirtear leanúnachas ar fáil agus osclaítear conairí don fhoghlaim sa toadhchá. Féadfaidh na cláir an scoláire a spreagadh agus tacaíonn siad leis dul i ngleic le foghlaim ag an gcéad chéim eile den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, le breathnú ar an toadhchá agus ullmhú don saol i ndiaidh na scoile.

### Oideachas uileghabhálach

Pleanáiltear na cláir d'fhonn na haistrithe atá roimh an scoláire a éascú. Dearadh iad chun riachtanais an scoláire a chomhlíonadh, le tacú lena ionchuimsiú agus a rannpháirtíocht lánbhrí ina scoil agus ina phobal.

### Folláine

Deartar na cláir leis an scoláire ina gcroílár. Dá réir, bíonn an fholláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchán agus shóisialta mar chuid lárnach den chlár.

## 23 Gnéithe

Déantar cur síos i ngnéithe ar chleachtais, ar chuir chuige agus ar ghnéithe a mbeifeá ag súil a fheiceáil i gclár foghlama. B'fhéidir nach mbeidís le feiceáil go leanúnach, ach léiríonn siad an chaoi a gcuirtear cláir i gcrích i scoileanna agus i suíomhanna eile. Níl na gnéithe a shainaithnítear uileghabhálach ná cuimsitheach. Cé go gceadaíonn siad do sholúbthacht i ndearadh agus forfheidhmiú na gclár foghlama, cinntíonn siad freisin leibhéal áirithe comhleanúnachais síos tríothu.

### Comhoibriú

Teastaíonn cur chuige comhoibritheach, idir an scoláire, a thuismitheoirí, múinteoirí ábhair, múinteoirí tacaíochta foghlama nó acmhainne, cúntóirí riachtanais speisialta agus gairmithe ábhartha eile i leith pleanáil clár.

### Foghlaim a phearsantú

Tá sé riachtanach go ndéanfar teagasc agus foghlaim a oiriúnú le haghaidh riachtanais foghlama an scoláire aonair chun an dul chun cinn agus na torthaí is fearr a bhaint amach dó. Baintear oiriúint níos fearr amach idir réamheolas, gnóthachtálacha foghlama, spéiseanna speisialta agus uailmhianta don todhchaí nuair a bhaineann na cláir le PODA an scoláire, nuair atá ceann ann. I bhfianaise éagsúlacht na scoláirí a thugann faoi CFL2, tá sé ríthábhachtach go mbaintear leas as cur chuige comhchoiteann.

### Foghlaim a aistriú

Tugtar tús áite do chumas an scoláire a fhorbairt chun an foghlaim a aistriú chuig cásanna nua. Teastaíonn go leor tacaíochta agus tacaíocht leanúnach ón scoláire chun an cumas sin a fhorbairt. Is éard atá i gceist leis an tacaíocht sin deiseanna rialta a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíocht foghlama ina bhfuil ar an scoláire foghlaim ó chomhthéacs amháin a aistriú chuig comhthéacs eile, agus déantar an fhoghlaim tosaigh a threisiú agus tógtar uirthi sa phróiseas sin.

### Foghlaim a nascadh leis an mórphobal

Cuirtear deiseanna éagsúla ar fáil don scoláire a scileanna gairmiúla, sóisialta agus pearsanta a fhorbairt nuair a thapaítear acmhainní sa phobal áitiúil agus níos leithne. D'fhéadfadh go mbeadh deiseanna le haghaidh taithe oibre, naisc le scoileanna eile agus cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí teacht chuig an scoil i measc samplaí de na hacmhainní sin.

### Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) a Úsáid

Aithnítear na féidearthachtaí a thairgeann TFC don scoláire sa chlár foghlama. D'fhéadfadh TFC an scoláire a chumasú le tascanna a chur i gcrích ag a luas féin i réimsí a d'fhéadfadh a bheith deacair nó strusmhar dó, cuir i gcás, scéal a scríobh, gníomhaíochtaí léitheoireachta, scileanna agus feachtas teanga a fhorbairt, agus uimhearthacht. Cuireann TFC ar chumas an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ar a obair go neamhspleách, cé go bhfuil sé fós mar chuid den ghrúpa ranga níos leithne.

### Dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint

Cé go mbaineann dul chun cinn le gluaiseacht cheartingearach trí ordlathas eolais, coincheapa agus scileanna de ghnáth, is minic a bhíonn an dul chun cinn a dhéanann roinnt scoláirí cliathánach. Féadfaidh roinnt scoláirí leanúint ar aghaidh ag foghlaim ag an leibhéal céanna ach i gcomhthéacsanna nua agus éagsúla, seachas bogadh ar aghaidh chuig leibhéal níos airde castachta nó deacrachta. Úsáidtear téarmaí níos leithne chun breathnú ar an rathúlacht seachas gnóthachtáil agus éachta acadúla amháin, agus cuimsítear gnéithe foghlama amhail iarracht agus dianseasmhacht leis.

## 24 Aonaid Tosaíochta Foghlama

---

Tá cúig Aonad Tosaíochta Foghlama ag croílár gach Clár Foghlama Leibhéal 2. Ullmhaítear an scoláire leo do dheiseanna, do fhreagrachtaí agus d'eispéiris shaol an duine fásta agus na hoibre agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Is iad na cúig ATF ná Cumarsáid agus litearthacht, Uimhearthacht, Cúram pearsanta, Cónaí i bpobal agus Ullmhú don obair. Cuirtear i láthair iad mar aonaid astu féin ach nuair a úsáidtear iad i gcláir foghlama comhtháthófar agus forbrófar iad i réimse leathan comhthéacsanna foghlama.

Déantar cur síos ar gach ATF i dtéarmaí ginearálta, le liosta achomair de phríomhghnéithe gach ATF leagtha amach ina dhiaidh sin i dtábla. Ina dhiaidh sin, tá torthaí foghlama níos mionsonraithe a bhaineann le gach ceann de na gnéithe. Déantar cur síos sna torthaí foghlama ar an méid a bheidh an scoláire in ann a dhéanamh chun fianaise a thaispeáint gur baineadh amach an fhoghlaim.

Ailínítear na torthaí foghlama le haghaidh gach ATF go ginearálta leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den CNC (Aguisín 1).

Tá na ATFanna nasctha go soiléir le chéile; tá siad fite fuaite ina chéile ar mhórán bealaí. Is gné lárnach den fhás pearsanta é feasacht an scoláire a chothú i ndáil le hidirspéleáchas na réimsí sin agus cuireann sé go mór leis an gcuspóir atá uainn ag deireadh thiar: foghlaim ar feadh an tsaoil.

*... Tá cúig Aonad Tosaíochta Foghlama (ATFanna) ag croílár gach Clár Foghlama Leibhéal 2. Ullmhaítear an scoláire leo do dheiseanna, do fhreagrachtaí agus d'o thaithí shaol an duine fásta agus na hoibre agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Is iad na cúig ATF ná Cumarsáid agus litearthacht, Uimhearthacht, Cúram pearsanta, Cónaí i bpobal agus Ullmhú don obair.*

## **Cumarsáid agus litearthacht**

Tá an chumarsáid mar thaca agus mar bhonn faoi gach foghlaim agus tá sí ríthábhachtach le bheith in ann an foghlaim a aistriú. San aonad seo, cuimsítear bealaí briathartha agus neamhbhriathartha araon san foghlaim chun eolas a fháil agus a thabhairt.

D'fhéadfaí an chumarsáid a dhéanamh trí éisteacht agus freagairt agus córais chumarsáide breisithí nó malairte á n-úsáid.

Tá an litearthacht ríthábhachtach don foghlaim toisc go mbíonn teacht ar an gcuraclam ar fad léi, agus mar bhonn agus mar thaca fúithi tá an nós go bhforbraíonn an scoláire cumas sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht mar chuspóir ann féin agus mar mhodh chun foghlaim nua a fháil agus a chur in iúl. Féachtar ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt san aonad seo agus cuimsítear ann an chaoi a n-úsáidtear TFC sa chumarsáid. Úsáidtear an téarma cumarsáid ar bhealach ginearálta san aonad seo, ina ndéantar an chaoi gur féidir leis an scoláire cumarsáid a dhéanamh trí na healaíona mothúchána ar nós an cheoil agus an damhsa a mheas.

### **Gnéithe an ATF Cumarsáide agus litearthachta**

Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint

Iompar neamhbhriathartha a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl

Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil

Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

Ealaíona mothúchána a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

Teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid i gcomhair réimse críocha

## 1. Cumarsáid agus litearthacht

### Gnéithe

### torthaí Foghlama

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint	<p>11. Éisteacht le heolas a fháil a bhaineann le níos mó ná rogha amháin, <i>m.sh. éisteacht le fógraí scoile, clár ama cainte a úsáid le ham teachta agus imeachta traenach a fháil</i></p> <p>12. Ceisteanna a chur chun eolas a fháil, <i>m.sh. chun dátaí/praghsanna a sheiceáil (aghaidh ar aghaidh nó ar an bhfón), áirithint a dhéanamh le haghaidh béile ar an bhfón</i></p> <p>13. Sraith treoracha labhartha a leanúint faoi stiúir, <i>m.sh. dul go dtí seomra na múinteoirí, an siopa áitiúil nó oifig an phoist, breis creidmheasa a chur san fhón</i></p> <p>14. Tuairimí pearsanta, fíricí agus mothúcháin a chur in iúl mar is cuí <i>m.sh. tuairim a chur in iúl faoi chlár teilifíse, nuacht ón deireadh seachtaine a insint</i></p> <p>15. Páirt a ghlacadh i gcumarsáid phraiticiúil, fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, <i>m.sh. agallamh nó cruinniú tuismitheora múinteora, agallamh le piaraí ar ábhar a bhaineann le spéis, ag comhrá agus tú amuigh le cairde, fógraí a dhéanamh ar idirchum na scoile</i></p>
Iompar neamhbhriathartha a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl	<p>16. Éist le réimse scéalta agus freagra a thabhairt orthu</p> <p>17. Réimse modhanna cumarsáide neamhbhriathartha a shainithint, <i>m.sh. gotha gnúise, tuineacha cainte, siombailí, éadaí, dathanna mar chomhartha do ghiúmar/ghníomh cuí</i></p> <p>18. Iompar cuí neamhbhriathartha a úsáid agus smaoineamh simplí á chur in iúl, <i>m.sh. díomá nó lúcháir, tuin chainte chun cabhair a fháil nó chun gearán a dhéanamh</i></p> <p>19. Freagra nó ceist a chur in iúl go neamhbhriathartha, <i>m.sh. comhartha a dhéanamh do ghlaofóin</i></p> <p>110. Freagra a thabhairt ar chomharthaí a fheictear sa ghnáthshaol laethúil, <i>m.sh. comharthaí bóthair, comharthaí tráchta, ábhair ghuaiseacha</i></p> <p>111. Seiceamh treoracha neamhbhriathartha le haghaidh gníomhaíocht choitianta a leanúint, <i>m.sh. trealamh tí a úsáid le trí oibríocht nó níos mó, cadhnra a chur i mbréagán, dorais éalaithe shábháilteachta a aimsiú/ cleachtadh dóiteáin a leanúint</i></p>
Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil	<p>112. Gnáthfhocail a úsáidtear go coitianta agus atá ábhartha go pearsanta a léamh, <i>m.sh. liosta rudaí a bhaineann le spéis phearsanta/spórt/caitheamh aimsire a léamh, ainmneacha daoine sa teaghlach</i></p> <p>113. Rialacha simplí agus gnásanna téacs a thacaíonn leis an mbrí a úsáid, <i>m.sh. stop ag lánstad</i></p> <p>114. Foirmeacha éagsúla scríbhneoireachta agus téacs a léirmhíniú, comharthaí agus siombailí sóisialta san áireamh, <i>m.sh. formáidí comónta billí, biachláir, foirmeacha, amchláir, comharthaí bóthair agus comharthaí eile, treoracha simplí ullmhaithe bia (ubh a fhiuchadh, ceapaire a dhéanamh, cupán tae a dhéanamh), píosa gearr scríbhneoireachta atá ábhartha go pearsanta</i></p> <p>115. Eolas tábhachtach a aimsiú i bhfoirmeacha éagsúla scríbhneoireachta, <i>m.sh. eolas fíorasach a aimsiú i bhfoirmeacha/mbillí, amanna agus dátaí coinnithe, biachláir, amchláir, nuachtáin</i></p> <p>116. Réimse straitéisí léitheoireachta a úsáid, <i>m.sh. leideanna, comhthéacs, fuaim, tuar agus díchódú</i></p>



## 1. Cumarsáid agus litearthacht

### Gnéithe

### torthaí Foghlama

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

Réimse foirmeacha scríbhneoireacht a a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

117. Nótaí agus teachtaireachtaí atá de dhíth i dtascanna simplí a scríobh/a chlósscríobh, *m.sh. seoladh ar chlúdach litreach*
118. Cúig abairt ar a laghad a scríobh/a chlósscríobh ionas go gcuirtear brí nó eolas in iúl, *m.sh. cruinniú a eagrú le cara, treoracha a thabhairt*
119. Príomhrialacha na scríbhneoireachta a úsáid mar is cuí, *m.sh. ceannlitreacha agus lánstadanna a úsáid*
120. Réimse patrún litrithe a úsáid, *m.sh. 'ing' a chur le focal - litir a chailleadh, a dhúbláil nó athrú ar bith*
121. Réimse foirmeacha éagsúla scríbhneoireachta a úsáid le bheith in oiriúint don fheidhm agus don lucht léitheoireachta, *m.sh. seic a chomhlánú, foirm shimplí a chomhlánú, iontráil dialainne a scríobh*

Ealaíona mothúchána a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

122. Páirt a ghlacadh i dtaibhiú nó i gcur i láthair, *m.sh. píosa gearr drámaíochta a chur i láthair do dhaoine sa rang, damhsa nó ceol a chur i láthair do thuismitheoirí*
123. Réimse íomhánna a chruthú trí ábhair éagsúla a úsáid
124. Píosa oibre a chruthú i gcomhair taispeántais
125. Éisteacht le réimse ceoil agus freagairt dó trí smaointe agus mothúcháin a phlé, *m.sh. amhránaí is fearr agus an fáth go dtaitníonn a chuid ceoil leis*
126. Drámaíocht nó damhsa a úsáid chun fíorchúrsaí agus cúrsaí samhailteacha a fhiosrú

Teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid i gcomhair réimse críocho

127. Trí ghnáthúsáid laethúla na teicneolaíochta a shainaithint, *m.sh. don fhoghlaim, don obair, agus don spraoi*
128. Teicneolaíocht a úsáid a bhfuil trí fheidhm nó níos lú aige go pearsanta, sa bhaile agus ar scoil/ag an obair, *m.sh. teicneolaíochtaí cúnta, fón póca (uimhreacha réamh-ríomhchláráithe), gléas fótachóipeála, ríomhaire, ceamara, seinnteoir DVD/físeán, fearais tí*
129. Teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le linn gníomhaíochta le daoine eile
130. Píosa trealaimh nua TFC a úsáid
131. Ríomhaire pearsanta a chasadh ar siúl agus a mhúchadh go sábháilte, *m.sh. na céimeanna chun ríomhaire a dhúnadh síos a leanúint*
132. Na siombailí eolais ar an deasc a shainaithint, *m.sh. siombail Internet Explorer*
133. Eochracha a úsáidtear go minic a úsáid mar is cuí
134. Pacáiste bogearraí a úsáid, lena gcuimsítear pacáiste a oscailt, téacs/íomhá/sonraí a iontráil agus a láimhseáil, sábháil go comhad, priontáil agus scoir go sábháilte, *m.sh. fáisc-ealaín, doiciméad Word, cur i láthair leictreonach*
135. Rochtain a fháil ar réimse suíomhanna gréasáin, *m.sh. scoilnet, suíomhanna gréasáin a bhfuil spéis phearsanta ag an scoláire iontu*
136. Eolas i gcomhair tionscadail a aimsiú ar an ngréasán.
137. Ríomhphost a sheoladh agus a oscailt

## Aonad Foghlama Tosaíochta

### Uimhearthacht

Tá níos mó i gceist leis an uimhearthacht ná fothacar na matamaitice. Is scil saoil í ina leagtar béim ar an réasúnaíocht agus déanamh céille. Tá sí fite fuaite san fhoghlaim agus ina taca di tríd an gcuraclam.

San aonad seo féachtar ar an gcaoi gur féidir leis an scoláire feasacht ar phatrúin agus ar ghaolta i gcruthanna agus in uimhreacha a fhorbairt, mar aon le scileanna meastóireachta agus tomhais. Meastar gur cuid lárnach den aonad é cumas an scoláire chun fadhbanna a réiteach freisin.

Scil saoil laethúil is í an uimhearthacht a bhfuil feidhm shuntasach aici sa bhaile agus i saol an phobail, mar aon le i réimse an fhoráis agus an ghaisce acadúil.

San aonad seo, baintear úsáid as raon leathan d'eispéiris ón saol mar atá, rud a chabhraíonn leis an scoláire eolas agus tuiscint a fhorbairt i raon topaicí, mar shampla uimhreas, cruthanna, spás, airgead, am agus tomhas.

#### Gnéithe an ATF Uimhearthacht

.....  
Airgead a bhainistiú

.....  
Feasacht ar uimhreas a fhorbairt

.....  
Feasacht ar theocht a fhorbairt

.....  
Feasacht ar mheáchan agus acmhainn a fhorbairt

.....  
Feasacht ar fhad agus achar a fhorbairt

.....  
Áireamhán a úsáid

.....  
Feasacht spásúil a fhorbairt

.....  
Sonraí a úsáid i gcomhair réimse críocha éagsúla

.....  
Cruthanna a úsáid

.....  
Feasacht faoi am a fhorbairt

## 2. Uimhearthacht

Gnéithe	torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>
Airgead a bhainistiú	<p>2.1. Nótaí agus boinn Euro a úsáidtear go minic a aithint</p> <p>2.2. Íoc as mír i gceart agus an sóinseáil a chomhaireamh in idirbheart siopadóireachta samplach nó réalaióch</p> <p>2.3. Admháil siopadóireachta a mhíniú maidir leis an méid a ceannaíodh, an t-airgead a tugadh agus an sóinseáil cheart a tugadh</p> <p>2.4. Bille comónta tí a thuiscint maidir leis an tseirbhís a soláthraíodh, an táille a gearradh agus an chaoi gur féidir íoc as</p> <p>2.5. An difríocht idir airgead a úsáid chun earraí riachtanacha agus só-earraí a cheannach a aithint</p> <p>2.6. Buiséad pearsanta a ullmhú don tseachtain</p> <p>2.7. Méid beag airgid a shábháil gach seachtain chun earra a cheannach</p>
Feasacht ar uimhreas a fhorbairt	<p>2.8. Uimhreacha suas le 100 a aithint in N, <i>m.sh. an méid náideanna i ndeicheanna, céadta a bheith ar eolas</i></p> <p>2.9. Ionadluach a aithint i ndáil le haonaid, deicheanna agus céadta, <i>m.sh. an méid náideanna i ndeicheanna, céadta a bheith ar eolas</i></p> <p>2.10. Slánuimhreacha dhá dhigit a bhfuil iomlán níos lú ná 100 acu a shuimiú i gcomhthéacs an ghnáthshaoil</p> <p>2.11. Slánuimhreacha dhá dhigit a dhealú i gcomhthéacs an ghnáthshaoil</p> <p>2.12. Cainníochtaí a mheas go dtí an luach is gaire i dtéarmaí leathana, <i>m.sh. go dtí an chainníocht is gaire i ndeicheanna nó i gcéadta mar is cuí</i></p>
Feasacht faoi theocht a fhorbairt	<p>2.13. Focail chúí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar theocht, <i>m.sh. te agus fuar</i></p> <p>2.14. Ionstraimí a úsáidtear chun teocht a léiriú agus a choigeartú a shainaithint, <i>m.sh. teirmiméadar, diaileanna oighinn mharcáilte</i></p> <p>2.15. Teochtaí a cheangal le gnáthchásanna laethúla, <i>m.sh. teas i seomra ranga</i></p> <p>2.16. Teochtaí cuí a aimsiú ar dhiaid cócaireáin, <i>m.sh. gásmharc 4, 200 céim Celsius</i></p> <p>2.17. Comparáid a dhéanamh idir teochtaí ag amanna éagsúla den bhliain, <i>m.sh. te sa samhradh agus fuar sa gheimhreadh, cuntas simplí aimsire a choinneáil</i></p>
Feasacht faoi mheáchan agus acmhainn a fhorbairt	<p>2.18. Foclóir cuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar aonaid meáchain agus acmhainne, <i>m.sh. lítear, 500ml, cileagraim; graim (pictiúrtha nó nithiúil)</i></p> <p>2.19. Na marcanna i gcomhair aonad meáchain agus acmhainne a shainaithint, <i>m.sh. crúiscín tomhais a úsáid, meá a úsáid</i></p> <p>2.20. Roinnt samplaí de mheáchan agus acmhainn a liostú ón ngnáthshaoil, <i>m.sh. a mheáchan féin a bheith ar eolas, lítear bainne</i></p> <p>2.21. Soitheach grádaithe a úsáid chun acmhainn leachtanna a oibriú amach, <i>m.sh. crúiscín a úsáid chun lítear bainne a thomhas</i></p>
Feasacht faoi fhad agus achar a fhorbairt	<p>2.22. Meá a úsáid chun meáchan púdar agus solad a oibriú amach, <i>m.sh. na comhábhair le haghaidh cáca a thomhas</i></p> <p>2.23. Foclóir cuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na haonaid faid agus achar, <i>m.sh. ciliméadair, méadair, ceintiméadair</i></p> <p>2.24. Na haonaid faid agus achar a shainaithint ar rialóir, ar mhéadarshlat agus ar mhiosúr</p> <p>2.25. Rialóir a úsáid chun faid dhifriúla línte a tharraingt agus a thomhas</p> <p>2.26. Fad gnáthrudáí a mheas, <i>m.sh. fad leabhair</i></p> <p>2.27. Fad gnátháiteanna a thomhas, <i>m.sh. seomra leapa, cistin, seomra ranga agus miosúr á úsáid</i></p>

## 2. Uimhearthacht

Gnéithe	torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>
Áireamhán a úsáid	2.28 Na digití 0-9 agus an pointe deachúlach agus cnaipí ríachtanacha oibríochtaí (+, -, ×, ÷) a aimsiú ar áireamhán 2.29. Áireamhán a úsáid chun fadhbanna simplí a réiteach, m.sh. dhá rud a shuimiú 2.30. Áireamhán a úsáid chun saothar a cheartú a ndearnadh gan áireamhán a úsáid 2.31. Áireamhán a aimsiú agus a úsáid ar fhón póca chun an méid a chosnóidh roinnt earraí ar thuras siopadóireachta a ríomh
Feasacht spásúil a fhorbairt	2.32. Foclóir cuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar threo, m.sh. <i>deiseal; tuathal, cothrománach; ceartingearach</i> 2.33. Léarscáil shimplí a úsáid chun suíomh ar leith a aimsiú 2.34. Léarscáil shimplí a tharraingt chun treoracha a thabhairt 2.35. An fad idir dhá áit ar léarscáil a ríomh 2.36. An corp nó baill den chorp a úsáid chun bogadh i dtreo ar leith
Sonraí a úsáid i gcomhair réimse críocha éagsúla	2.37. Réimse rudaí a bhogadh i dtreonna ar leith 2.38. Feidhmeanna sonraí sa ghnáthshaol a shainithint, m.sh. suirbhé ranga ar an scannán is mó a thaitníonn le déagóirí 2.39. Modhanna bunúsacha chun sonraí a bhailiú a shainithint, m.sh. leatháin taifid, córas scóir 2.40. Réimse sonraí a bhailiú agus úsáid á bhaint as ceann acu seo a leanas: suirbhé, leathán taifid, córas scóir nó taifid closamhairc 2.41. Sonraí bunúsacha ar dhá chritéar a léirmhíniú, m.sh. <i>níos mó/lú aicme amháin ná aicme eile, níos mó/lú</i> 2.42. Léirithe bunúsacha a chur le chéile chun sonraí le dhá chritéar a chur in iúl, m.sh. <i>picteagram/barrachairt a tharraingt</i>
Cruthanna a úsáid	2.43. Labhairt faoi eolas nó é a phlé ó shonraí bunúsacha, m.sh. <i>picteagram, barrachairt nó treoghráf</i> 2.44. Cruthanna 2T agus 3T atá coitianta sa ghnáthshaol a ainmniú, m.sh. <i>ciorcail, dronuilleoga, ciúbanna, sorcóirí agus sféir</i> 2.45. Líne a roinnt in dhá mhírlíne chothroma gan tomhas a dhéanamh, m.sh. <i>trí fhilleadh a dhéanamh</i> 2.46. Aiseanna siméadrachta cruthanna agus figiúirí coitianta 2T a aimsiú trí fhilleadh a dhéanamh, agus iad a mharcáil
Feasacht faoi am a fhorbairt	2.47. Airíonna cruthanna coitianta 2T agus foirmeacha 3T a liostú, m.sh. <i>líon na n-aghaidheanna, faobhar</i> 2.48. Cruthanna agus foirmeacha 2T agus 3T a chur in eagar de réir méide 2.49. An t-am a léamh ar chlog analógach ar an uair, an leathuair agus an cheathrú uaire 2.50. An t-am a léamh ar chlog dhigiteach ar an uair, an leathuair agus an cheathrú uaire 2.51. Amanna tábhachtacha i rith an lae a shainithint, ar an uair, an leathuair agus an ceathrú uair, m.sh. <i>sosanna lóin, sceideal físe a úsáid</i> 2.52. Fadhbanna chun imeacht ama a réiteach, m.sh. <i>am tosaithe agus críochnaithe a úsáid chun an t-achar aistir nó cláir a ríomh, achar cláir ar leith a ríomh</i> 2.53. Lá nó dáta ar leith a aimsiú ar fhéilire nó ar amchlár, m.sh. <i>mo bhreithlá</i> 2.54. Míonna nó gníomhaíochtaí a mheaitseáil leis na séasúir, m.sh. <i>pictiúir de na séasúir a mheaitseáil leis na míonna cuí</i>

## Cúram Pearsanta

Baineann an t-aonad seo le forbairt phearsanta an scoláire. Déileáiltear le sláinte agus folláine an scoláire ann, lena gcuimsítear réimsí ar nós gnásanna bia shláintiúil agus nósanna maireachtála sláintiúla. Baineann sé leis an scoláire a chumasú le bheith a neamhspleáiche is féidir maidir lena riachtanais chúraim phearsanta. San áireamh leis sin beidh feasacht faoi ghnéasacht, an strus a láimhseáil, agus conas a bheith sábháilte i réimse comhthéacsanna.

### Gnéithe de Chúram pearsanta an ATF

.....  
Cúram maith pearsanta laethúil a fhorbairt  
.....

.....  
Gnásanna bia shláintiúil a fhorbairt  
.....

.....  
Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt  
.....

.....  
A bheith ábalta strus a bhainistiú  
.....

.....  
Eolas ar chonas a bheith sábháilte Bheith feasach ar do ghnéasacht  
.....

.....  
Mothúcháin a aithint  
.....

.....  
Cinntí pearsanta a dhéanamh  
.....  
.....

### 3. Cúram Pearsanta

Gnéithe	torthaí Foghlama
<i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>	
Cúram maith pearsanta laethúil a fhorbairt	3.1. Cleachtais riachtanacha cúraim phearsanta laethúla a shainaithint, <i>m.sh. na fiacla a scuabadh</i>
	3.2. Cur síos a dhéanamh ar na bealaí is tábhachtaí chun an corp a choinneáil glan, <i>m.sh. cithfholcadh nó folcadh a thógáil</i>
	3.3. Roinnt buntáistí a bhaineann le cúram maith pearsanta a shainaithint, <i>m.sh. mairfidh na fiacla níos faide má scuabtar iad</i>
	3.4. Buntáistí réimse táirgí cúraim phearsanta laethúil a mhíniú, <i>m.sh. táirgí cúraim fiacla, frithallasáin, cúram gruaige, cúram cosa</i>
	3.5. Plean comhaontaithe cúraim phearsanta a choinneáil, <i>m.sh. gach lá scuabfaidh mé m'fhiacla faoi dhó (ar maidin agus sa tráthnóna)</i>
	3.6. Dhá nó trí chúis a lua chun aire a thabhairt d'earraí pearsanta, <i>m.sh. má nitear éadaí, mairfidh siad níos faide</i>
	3.7. Éadaí cuí a shainaithint le haghaidh réimse gnáthghíomhaíochtaí ag an mbaile, ag an obair agus sa phobal, <i>m.sh. amanna i rith na seachtaine scoile a bhfuil gá le héadaí ar leith a aibhsiú, pictiúir d'éidí chun liosta gníomhaíochtaí a dhéanamh a mheaitseáil</i>
Gnásanna bia shláintiúil a fhorbairt	3.8. Bianna coitianta a chur in eagar de réir grúpa bia, <i>m.sh. torthaí/glasraí, feoil/éisc, déirí</i>
	3.9. Cur síos a dhéanamh ar bhianna agus ar dheochanna coitianta a bhaineann le haiste bia chothrom, <i>m.sh. torthaí agus glasraí a ithe</i>
	3.10. Cur síos a dhéanamh ar iarmhairtí aiste bia mhaith, <i>m.sh. croí sláintiúil, cnámha láidre, craiceann glan, sláinte fiacla</i>
	3.11. Páirt a ghlacadh in ullmhúchán béilí sláintiúla, <i>m.sh. bricfeasta agus lón/dinnéar</i>
	3.12. Gnáthchleachtais shábháilte a shainaithint a bhaineann le hullmhúchán agus stóráil bia, <i>m.sh. lámha a ní, feoil amh/chócaráilte a scaradh ó chéile i gcuisneoir baile</i>
Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt	3.13. Cleachtais sláinteachais agus sábháilteachta bia chuí a thaispeáint, <i>m.sh. eangach ghruaige a úsáid, cuntar oibre a ghlanadh sula n-úsáidtear arís é</i>
	3.14. Trí bhuntáiste phearsanta na haclaíochta rialta a shainaithint, <i>m.sh. meáchan sláintiúil, ag brath go maith agus spraoi</i>
	3.15. Breac-chuntas a thabhairt ar phlean seachtainiúil aclaíochta pearsanta, <i>m.sh. ag siúl ar scoil gach lá, spórt a imirt, loga seachtainiúil aclaíochta a choimeád de ghníomhaíochtaí</i>
	3.16. Prionsabail an chleachtais shábháilte aclaíochta a thaispeáint, <i>m.sh. téamh suas, fuarú, bróga agus éadaí cuí a chaitheamh</i>
	3.17. Gnáthamh aclaíochta a choinneáil i dtimpeallacht dea-struchtúrtha, <i>m.sh. aclaíocht a chur i gcrích le linn an ranga chorpoideachais</i>
	3.18. An chaoi a gcuireann an bia a ithimid lenár sláinte a mhíniú
	3.19. Dhá shampla de roghanna nóis maireachtála a théann i bhfeidhm ar ár sláinte a thabhairt, <i>m.sh. má itear an iomarca saille, cuirfear meáchan suas</i>
	3.20. Raon staideanna mothúchána agus fisiceacha a shainaithint, <i>m.sh. raon íomhána a úsáid chun raon staideanna mothúchána agus fisiceacha a shainaithint</i>

### 3. Cúram Pearsanta

Gnéithe	torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>
A bheith ábalta strus a bhainistiú	<p>3.21. Cur síos a dhéanamh ar chásanna scoile/pearsanta/pobail atá strusmhar 3.22. Roinnt comharthaí struis a aithint</p> <p>3.23. Roinnt bealaí chun scíth a ligean a shainaitheint, <i>m.sh. téigh ag siúl, féach ar scannán</i></p> <p>3.24. Teicníc scíthe a thaispeáint, <i>m.sh. anáil dhomhain a tharraingt</i></p> <p>3.25. Raon teicnící scíthe a chleachtadh i bhfíorchúinsí saoil, <i>m.sh. am a thógáil chun taitneamh gníomhach a bhaint as an timpeallacht thart timpeall, cleachtaí anáilithe i scuainí</i></p> <p>3.26. Raon cásanna ina mbíonn an cumas scíth a ligean ina chabhair a shainaitheint, <i>m.sh. gan fhios a bheith agat cad é an chéad rud eile a bheidh ag tarlú sa rang</i></p>
Eolas ar conas a bheith sábháilte	<p>3.27. Rioscaí sábháilteachta. tábhachtacha a shainaitheint san ionad oibre/sa bhaile/sa phobal, <i>m.sh. cáblaí sraoilleacha, plocóidí, teilifís agus fearas leictreach</i></p> <p>3.28. A thuiscint nuair atá sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt, <i>m.sh. bulaíocht/ciapadh</i></p> <p>3.29. Cleachtais laethúla a chuireann sábháilteacht phearsanta chun cinn a ainmniú, <i>m.sh. trasrian coisithe a úsáid, fearais leictreacha a dhícheangal san oíche, leachtanna teo a dhoirteadh isteach tar éis leachtanna fuara, éadaí/lámhainní cosantacha a chaitheamh, comhairle a lorg</i></p> <p>3.30. Cur síos a dhéanamh ar fhreagra cuí nuair a shainaitheintear riosca, <i>m.sh. slí amach shábháilte a aimsiú, teagmháil a dhéanamh le duine/eagraíocht, freagairt ar dhruil tine, labhairt faoi na céimeanna ba cheart duit a leanúint má fheiceann tú tine nó iad a liostú</i></p>
Bheith feasach ar do ghnéasacht	<p>3.31. Gnáthainmneacha na ngnéasorgán a shainaitheint, <i>m.sh. le clár coirp nó áiseanna amhairc cuí eile</i></p> <p>3.32. Cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna chodanna gnéis an choirp, <i>m.sh. le clár coirp nó áiseanna amhairc cuí</i></p> <p>3.33. Na hathruithe fisiceacha agus mothúcháin a tharlaíonn i gcailíní agus i mbuachaillí le linn na hógántachta a aithint 3.34. An difríocht idir bealaí cuí agus míchuí mothúcháin a chur in iúl</p> <p>3.35. An difríocht idir cairdeas agus caidreamh níos dlúithe a aithint</p>
Mothúcháin a aithint	<p>3.36. Gnáthmhothúcháin agus na focail ghaolmhara a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh orthu a shainaitheint</p> <p>3.37. A fhreagraí mothúcháin féin ar réimse cásanna a aithint, <i>m.sh. sásta, brónach, mífhoighneach, feargach, trí chéile</i></p> <p>3.38. Cur síos a dhéanamh ar bhealaí cuí chun mothúcháin a chur in iúl</p> <p>3.39. Mothúcháin daoine eile a aithint, <i>m.sh. eolas faoi cad a chuireann trí chéile é/í, feasacht go bhféadfadh sé go mbeadh daoine eile sa seomra trí chéile</i></p> <p>3.40. Freagair ar bhealach cuí ó thaobh mothúcháin de i gcás ar leith, <i>m.sh. faigheann cara drochscéal</i></p>
Cinntí pearsanta a dhéanamh	<p>3.41. Príomhluachanna i saol an scoláire a liostú</p> <p>3.42. Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil nasc idir luachanna agus cinntí a dhéanamh i réimse cásanna, <i>m.sh. cuimhneamh ar phiarbhrú, iarmhairtí féideartha, eolas iontaofa a bheith agat, staid fhisiceach/mhothúcháin, ionchais shóisialta</i></p> <p>3.43. Liosta a dhéanamh de na rudaí agus daoine a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chinnteoireacht</p> <p>3.44. Na roghanna agus iarmhairtí a bhaineann le cinneadh gearrthéarmach a bhfuiltear ar tí a dhéanamh a shainaitheint</p> <p>3.45. Iarmhairtí cinntí a rinneadh a fhiosrú, a fhad is atáthar á gcur i bhfeidhm agus nuair a chuirtear i gcrích iad araon, <i>m.sh. stad den chaitheamh, meáchan a chailleadh, airgead a shábháil</i></p>



Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta

## Cónaí i bPobal

San aonad seo, cabhraítear leis an scoláire straitéisí a fhorbairt chun caidrimh dhearfacha a bhunú agus a choinneáil leis na daoine thart timpeall air. Áirítear ar na gnéithe bheith in ann déileáil le coimhlint agus conas cabhair agus comhairle a lorg. Féachtar ar phobal áitiúil an scoláire freisin agus úsáid na n-áiseanna áitiúla atá ar fáil dó.

### Gnéithe an ATF Cónaí i bpobal

.....  
Caidrimh dhearfacha a fhorbairt  
.....

.....  
Coimhlint a réiteach  
.....

.....  
Áiseanna áitiúla a úsáid Cúnamh agus comhairle a lorg  
.....

.....  
Roghanna tomhaltóra a dhéanamh  
.....  
.....



## 4. Cónaí i bpobal

### Gnéithe

### torthaí Foghlama

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

Caidrimh dhearfacha a fhorbairt

- 4.1. Cineálacha éagsúla caidreamh a aithint, *m.sh. tuismitheoir/páiste, scoláire/múinteoir, scoláire/scoláire*
- 4.2. Cásanna ina labhraíonn daoine ar shlite dhifriúla ag brath ar an lucht éisteachta a shainaitheint, *m.sh. piaraí, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine fásta eile*
- 4.3. Bealaí ina bhféadann maslaithe agus magadh a bheith mailíseach duit féin agus do dhaoine eile a liostú
- 4.4. Bealaí inar mhaith leis go gcaithfí leis a aithint/liostú
- 4.5. Cur síos a dhéanamh ar bhealaí chun cairde a dhéanamh agus a choinneáil, *m.sh. tréithe a shainaitheint atá inmhianaithe/nach bhfuil inmhianaithe i gcairdeas*
- 4.6. Páirt a ghlacadh go comhoibríoch i ngrúpa
- 4.7. An tábhacht a bhaineann le meas i gcaidrimh a aithint

Coimhlint a réiteach

- 4.8. Cur síos a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le piarbhrú, samplaí a thabhairt den phiarbhrú agus bealaí chun déileáil leis a mholadh
- 4.9. Cur síos a dhéanamh ar bhealaí chun déileáil le piarbhrú, *m.sh. rólghlacadh a dhéanamh ar chásanna coimhlinte idir cairde agus conas iad a réiteach*
- 4.10. An cumas chun idirbheartaíocht a dhéanamh le piaraí a thaispeáint, *m.sh. trealamh a roinnt*
- 4.11. Cur síos a dhéanamh ar shaintréithe an iompair bulaíochta
- 4.12. Cur chuige na scoile maidir le déileáil le hiompar bulaíochta a shainaitheint, *m.sh. a bheith curtha chuig oifig an phríomhoide, cairt iompair a úsáid*
- 4.13. Na céimeanna chun déileáil leis an gcoimhlint a shainaitheint, *m.sh. stop agus ná cuir in éadan ar an bpointe, éist le comhairle ó dhuine fásta*

Áiseanna áitiúla a úsáid

- 4.14. Bealaí chun am saor a chaitheamh a liostú
- 4.15. Áiteanna agus eagraíochtaí coitianta sa phobal áitiúil a shainaitheint
- 4.16. Idirdealú a dhéanamh idir na rudaí atá saor agus a bhfuil táille orthu sa phobal áitiúil
- 4.17. Páirt a ghlacadh i dtionscadal pobail atá bunaithe sa scoil agus an rannpháirtíocht sin a thaifeadadh, *m.sh. feachtas bruscair*

Cúnamh agus comhairle a lorg

- 4.18. Na gníomhaireachtaí ábhartha a thugann tacaíocht agus comhairle don phobal a ainmniú, *m.sh. Ionad Comhairle do Shaoránaigh, ionad comhairle áitiúil*
- 4.19. Cur síos a dhéanamh ar chur chuige na scoile chun eachtra a thuairisciú, *m.sh. má tá bulaíocht á déanamh ort*
- 4.20. Liosta gearr de dhaoine nó de ghrúpaí a d'fhéadfadh tacaíocht a chur ar fáil a chur le chéile, lena n-áirítear teagmhálaithe pearsanta agus grúpa/eagraíochtaí
- 4.21. Cur síos a dhéanamh ar chonas teagmháil a dhéanamh le réimse daoine nó eagraíochtaí sa cheantar áitiúil atá in ann cabhair agus comhairle a chur ar fáil, *m.sh. stáisiún áitiúil Garda*
- 4.22. Cuairt a thabhairt ar eagraíocht pobail áitiúil agus comhairle a lorg

Roghanna tomhaltóir a a dhéanamh

- 4.23. Dhá eagraíocht a oibríonn ar son tomhaltóirí a liostú
- 4.24. Cur síos a dhéanamh ar chásanna inar gá earra a thabhairt ar ais chuig siopa
- 4.25. Cur síos a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le barántas
- 4.26. Lipéid ar phacáistí, éadaí srl. a shainaitheint
- 4.27. Na comharthaí agus na siombailí is tábhachtaí ar lipéid a aithint
- 4.28. Gearán a scríobh nó gearán a dhéanamh ó bhéal i gcás bréige



**Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta**

## **Ullmhú don obair**

Leis an aonad Ullmhú don Obair, cabhraítear leis an scoláire an t-aistriú a dhéanamh ón scoil go dtí an breisoideachas, an oiliúint nó an fhostaíocht. Dírítear ar an scoláire a ullmhú don saol oibre trí ghníomhaíochtaí ar nós curriculum vitae a fhorbairt agus na seirbhísí éagsúla sa phobal áitiúil a shainnithint chun scileanna nua neamhspleácha a bhaint amach, mar shampla an cumas chun iompar poiblí a úsáid. Féachtar freisin ar an gcaoi gur féidir leis an scoláire scileanna sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt agus spriocanna a shocrú don fhoghlaim.

### **Gnéithe an ATF Ullmhú don obair**

.....  
A bheith in ann spriocanna a shocrú don fhoghlaim

.....  
Fáil amach faoin obair

.....  
Ag réiteach do ghníomhaíocht a bhaineann le hobair

.....  
Feasacht faoi shláinte agus sábháilteacht maidir le trealamh a úsáid a fhorbairt

.....  
Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair

## 5. Ullmhú don obair

Gnéithe	torthaí Foghlama
	<i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>
Bhéith in ainm spriocanna a shocrú don fhoghlaim	<p>5.1. Spriocanna foghlama a shocrú, <i>m.sh. faoi dheireadh na seachtaine seo críochnóidh mé mo leabhar</i></p> <p>5.2. Plean foghlama a chruthú lena n-áirítear na céimeanna agus an tréimhse is gá chun é a chríochnú. An plan a nascadh le plan oideachais don scoláire aonair, <i>m.sh. gach oíche léifidh mé leathanach de mo leabhar</i></p> <p>5.3. An plan a chur i bhfeidhm, <i>m.sh. ar feadh seachtaine</i></p> <p>5.4. Tuairimí a chur in iúl faoin gcaoi ar féidir feidhmíocht a fheabhsú, <i>m.sh. an chéad uair eile tabharfaidh mé níos mó ama dom féin an sprioc a bhaint amach</i></p>
Fáil amach faoin obair	<p>5.5. Poist éagsúla a dhéanann daoine sa scoil a shainaithint, <i>m.sh. ról an mhúinteora, an airigh agus rúnaí na scoile</i></p> <p>5.6. Trí dheis fostaíochta áitiúla a liostú</p> <p>5.7. Cur síos a dhéanamh ar bhealach amháin ina bhfaigheann daoine post nó a rogha cúrsa, <i>m.sh. ó nuachtán, faisnéis ó choláiste</i></p> <p>5.8. Poist féideartha a bhfuil spéis acu ann a liostú agus eolas a aimsiú faoi riachtanais na bpost</p> <p>5.9. Cuairt a thabhairt ar fhostóir áitiúil agus an chuairt a athbhreithniú, <i>m.sh. dhá rud nua a foghlaimíodh a ainmniú</i></p> <p>5.10. Bealaí éagsúla a úsáid chun seiceáil le haghaidh fógraí post, <i>m.sh. nuachtáin áitiúla, suíomhanna gréasáin, fógra teilifíse</i></p> <p>5.11. Na tallanna atá aige féin a shainaithint agus a liostú</p>
Ag réiteach do ghníomhaíocht a bhaineann le hobair	<p>5.12. Curriculum vitae a chruthú le próifíl phearsanta, oideachas agus sonraí taithí oibre san áireamh</p> <p>5.13. Páirt a ghlacadh in agallamh gearr, <i>m.sh. agallamh poist bréige le múinteoir</i></p> <p>5.14. Taifead poncúlachta agus tinrimh a choinneáil ar feadh míosa, <i>m.sh. scála 1-10 a úsáid, is féidir leis an scoláire taifead a dhéanamh má tá sé in am don scoil, don rang agus má fhreastalaíonn sé ar scoil go rialta</i></p> <p>5.15. Tascanna sonracha a dhéanamh i réimse ról sa scoil, <i>m.sh. clár tinrimh a thabhairt chuig an oifig, ábhair an tseomra ranga a chur in eagar mar is cuí</i></p> <p>5.16. Taifead a choinneáil de na tascanna a cuireadh i gcrích i ndialann, <i>m.sh. amanna tosaithe agus críochnaithe an tasc, cur síos a dhéanamh ar na céimeanna sa tasc</i></p>
Feasacht faoi shláinte agus sábháilteacht maidir le trealamh a úsáid a fhorbairt	<p>5.17. Samplaí a thabhairt de chleachtais shábháilte i dtrí ionad oibre ar leith, <i>m.sh. speaclaí cosanta a chaitheamh sa rang innealtóireachta</i></p> <p>5.18. Gach uirlis agus trealamh a úsáid i gceart agus go sábháilte i réimse ranganna praiticiúla, <i>m.sh. an claibín a chur ar ais ar aon leacht</i></p> <p>5.19. Cur síos a dhéanamh ar threalamh leictreach agus é a úsáid i gceart agus go sábháilte i réimse ranganna praiticiúla, <i>m.sh. measctóir a úsáid sa rang eacnamaíochta baile</i></p> <p>5.20. Gach uirlis, ábhar agus trealamh a stóráil go sábháilte</p> <p>5.21. Na gnásanna difriúla maidir le féinchosaint ag an obair a liostú, <i>m.sh. éadaí cosanta nó eangach ghruaige a chaitheamh</i></p> <p>5.22. Na bealaí éalaithe dóiteáin ar scoil a shainaithint, <i>m.sh. léarscáil den scoil a tharraingt, na bealaí éalaithe dóiteáin a aimsiú</i></p> <p>5.23. Na teoracha i gcleachtadh dóiteáin a leanúint, <i>m.sh. páirt a ghlacadh i gcleachtadh dóiteáin</i></p>

## 5. Ullmhú don obair

### Gnéithe

### torthaí Foghlama

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair

- Eolas cúlra a bhailiú chun cabhrú le phleanáil na gníomhaíochta agus páirt a ghlacadh ann
- Roinnt céimeanna atá le déanamh chun an ghníomhaíocht a chur i gcrích go rathúil a chur in ord
- Ról a ghlacadh sa ghníomhaíocht agus tascanna a bhfuil baint acu leis an ról a shainithint
- Eochairfocail a bhaineann leis an ngníomhaíocht a úsáid i gceart
- Gnásanna sábháilteachta agus/nó ceadanna is gá don ghníomhaíocht a shainithint
- Foghlaim conas uirlisí nó trealamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht a úsáid go sábháilte agus i gceart
- Páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht
- An ghníomhaíocht a athbhreithniú chun a rath a mheasúnú
- Éifeachtúlacht a ról féin sa ghníomhaíocht a mheasúnú

**Samplaí de ghníomhaíochtaí atá bainteach le hobair. Is féidir réimsí eile gairme a roghnú**

### Gairneoireacht

- Roinnt crann agus tor coitianta a shainithint
- Raon uirlisí agus trealamh garraíodóireachta coitianta a úsáid
- Dialann garraíodóireachta a choinneáil, na tascanna á logáil
- Na coinníollacha a chabhraíonn le plandaí fás agus teacht go maith a ainmniú
- Cur síos a dhéanamh ar na ceithre phríomhchéim de shaolré planda
- Cur síos a dhéanamh ar roinnt feidhmeanna de dhuilleog planda
- Cleachtais shábháilte oibre a thaispeáint sa ghairdín

### Páirt a ghlacadh i mionfhiontar

- Cinneadh a dhéanamh faoi tháirge nó seirbhís
- Na tascanna a shainithint agus róil a shannadh
- Maoiniú a fháil d'ábhair chearta trí scaireanna a dhíol
- Idirbhearta airgeadais a thaifeadadh
- Táirge a tháirgeadh nó seirbhís a chur i gcrích
- Fógra a chruthú le haghaidh an táirge nó na seirbhíse
- An táirge nó an tseirbhís a dhíol
- Athbhreithniú ar an bhfiontar a chur i gcrích

### Ócáid scoile a phleanáil

- Na tascanna éagsúla a bhaineann leis an ócáid a phleanáil a shainithint
- Cuirí agus póstaer a dhéanann fógraíocht ar an ócáid a dhearadh
- Buiséad a bhunú agus oibriú laistigh de
- Sólaistí a phleanáil agus a ullmhú

### Turas lae a eagrú

- Ceann scríbe a shainithint
- Cead a lorg ón bPríomhoide
- Cead a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí Plean turais a chruthú don lá
- Gnás éigeandála má chailtear duine éigin a shainithint
- Glao a chur ar an ionad agus socruithe a dhéanamh don chuairt
- Iompar a eagrú don lá
- Imeachtaí an lae a thaifeadadh trí cheamara nó físcemara a úsáid
- Athbhreithniú ar an turas lae a scríobh

## Cuid a Trí: Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha difriúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla.

Ba cheart go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach, bíodh sé foirmitheach nó suimitheach, ag an am nó leanúnach, ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, CNCM nó ceaptha ag an múinteoir. Léirítear i dtaighde go dtarlaíonn na buntáistí is mó d'fhoghlaim an scoláire nuair a thugann an múinteoir aiseolas éifeachtach dó a chabhraíonn leis a thuiscint conas a d'fhéadfaí a chuid foghlama a fheabhsú.

Sin an chúis nach féidir breithniú ar na cuir chuige i leith na foghlama cáilíochta a scaradh ó bhreithniú ar mheasúnú. Tá cleachtais mheasúnaithe leanúnacha sa seomra ranga rithábhachtach le tacú le foghlaim an scoláire agus gnóthachtáil an scoláire a chur chun cinn. Baineann cleachtas le measúnú leanúnach atá foirmitheach agus suimitheach. Úsáideann scoileanna raon modhanna measúnaithe chun críoch foirmitheach nó suimitheach a leagann béim ar chineál idirnasctha agus forlíontach an phróisis measúnaithe sa tsraith shóisearach. Tógann na cleachtais mheasúnaithe seo ar dheachleachtas reatha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Tá formhór na ngníomhaíochtaí measúnaithe i dtrí bliana na sraithe sóisearaí foirmitheach. Úsáideann an múinteoir na torthaí foghlama ó ábhar, ATFanna nó ó shonraíochtaí gearrchúrsa mar phointe tosaigh chun aonad foghlama a phleanáil agus chun rúin foghlama agus critéir ratha a fhorbairt le roinnt agus le plé leis an scoláire.

Leagtar amach go soiléir sna torthaí foghlama seo an méid ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, a thuigfidh an scoláire agus a bheidh an scoláire in ann a dhéanamh mar gheall ar na gníomhaíochtaí sonracha foghlama agus teagasc atá déanta aige i rith chúrsa na sraithe sóisearaí. Leanann an múinteoir ag déanamh measúnú mar chuid dá chleachtas laethúil trí bheith ag breathnú agus ag éisteacht de réir mar a chuireann an scoláire tascanna i gcrích agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn sé do cheisteanna.


Úsáideann an múinteoir rúin foghlama agus critéir ratha mar bhunús le haiseolas a thabhairt don scoláire chun na chéad chéimeanna eile ina fhoghlaim a phleanáil. Spreagtar an scoláire freisin chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aige ina fhoghlaim féin agus aiseolas a thabhairt dá mhúinteoirí. Maidir leis an acmhainn a fhorbairt don fhéinbhainistíocht agus don fhéinfheasacht a fhorbairt, bíonn an scoláire níos muiníní agus é ag tabhairt faoina fhoghlaim agus bíonn sé níos ullmhaithe chun na dúshláin a bhaineann leis an saol taobh amuigh den scoil a sháru.

Chun dul i ngleic le measúnú i gcomhthéacs na CFL2anna agus níos faide anonn agus chun tuilleadh eolais a fháil ar thorthaí foghlama, rúin foghlama, critéir ratha agus gnéithe cáilíochta, féach ar an Tacar Uirlisí don Mheasúnú ó CNCM.

Léirítear i bhFíor 1.1 an nasc atá idir measúnú foirmitheach agus measúnú suimitheach. Tugann sé treoir don mhúinteoir faoin gcaoi a bhféadfadh sé pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú sa tsraith shóisearach.

# FÍOR 1

## Measúnú a úsáid chun tacú le foghlaim agus teagasc



## Measúnú i gCláir Foghlama Leibhéal 2

Tá an measúnú i Leibhéal 2 ina chuid lárnach in aon chlár foghlama mar go gcuireann sé foghlaim chun cinn agus tacaíonn sé le teagasc. Tar éis a bhunú cá bhfuil an scoláire ag tosú, tacaítear leis dul i dtaithí ar an bhfoghlaim nua sna ATFanna. Ansin, trí aiseolas rialta a fháil ar a dhul chun cinn foghlama, tá a fhios ag an scoláire cén uair a éiríonn leis san fhoghlaim agus nuair a theastaíonn tuilleadh cúnamh uaidh chun dul chun cinn a dhéanamh. Féachtar ar bhearnaí san fhoghlaim mar dheiseanna chun eolas maith a thabhairt ar leibhéil reatha tuisceana nó míthuisceana an scoláire.

Tá an measúnú a chothaíonn na hAonaid Tosaíochta Foghlama CFL2 rangbhunaithe. In imeacht na dtrí bliana sa tsraith shóisearach, baileoidh an foghlaimeoir fianaise dá chuid foghlama i bpunann. Tugann an scoláire an phunann seo don mhúinteoir agus meastar agus déantar tuairisciú ar obair an scoláire. Déantar taifead sna doiciméid PGSS ar ghnóthachtáil an scoláire in ATFanna, mar a thuairiscíonn an scoil.

## Measúnú portfóilió

Shainaithin scoileanna a d'oibrigh ar fhorbairt tosaigh na dtreoirlínte seo punann mheasúnaithe mar chur chuige atá oiriúnach do na scoláirí atá i gceist agus do na cineálacha tascanna atá i gceist chun measúnú a dhéanamh ar obair ar na ATFanna. Tugtar fianaise dhaingean don scoláire sna punanna ar a dhul chun cinn agus éachtaí, a phléann siad, a ndéanann siad athbhreithniú orthu agus a roinneann siad lena múinteoirí, tuismitheoirí agus piaraí. Dá bharr seo, méadaítear a fhéinmheas mar scoláire gníomhach.

Is féidir le punanna a bheith ann mar chóip chrua agus/nó go leictreonach. Bailiúchán d'obair an scoláire is ea punann leictreonach, ar a dtugtar r-phunann nó punann dhigiteach, a chruthaítear le próiseáil focal agus cuir i láthair ilmheán eile.

I measc samplaí de na cineálacha fianaise ar fhoghlaim a d'fhéadfaí a áireamh sa phunann tá

- obair scríofa (scéalta, litreacha, filíocht)
- obair thionscadail agus/nó obair in amharcealaíona
- cairteacha, léaráidí, grianghraif
- taifeadtaí físe de rannpháirtíocht an scoláire i ngníomhaíocht, imeacht nó gnóthachtáil
- taifeadadh de shaothar ceoil.



## Measúnú a dhéanamh ar fhianaise ar fhoghlaim in CFL2anna

Nuair a chríochnaítear an clár foghlama sin, táthar ag súil go gcuirfidh an scoláire fianaise i láthair gur bhain sé amach go rathúil na gnéithe agus na torthaí foghlama lorgtha. Is féidir an fhianaise a chur i láthair i gceann ar bith de na foirmeacha nó na meáin thuas. Beidh Gnéithe Cáilíochta, is é sin na critéir ratha trína ndéantar measúnú ar obair an scoláire, in éindí leis an bhfianaise foghlama. Leagfar amach iontu na rudaí ba cheart a áireamh/a chur in iúl san fhianaise lena léiriú gur éirigh leis an scoláire an toradh/na torthaí foghlama ábhartha a bhaint amach.

Leagtar amach sampla d'fhianaise ar mheasúnú a bhailiú, lena n-áirítear critéir ratha, sa Bhileog Mheasúnaithe Breathnóireachta seo a leanas.

## Measúnú

Bileog Bhreathnóireachta/Mheasúnaithe an Mhúinteora sa tSraith Shóisearach

Ainm an scoláire: \_\_\_\_\_ Rang: \_\_\_\_\_ Múinteoir: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ **Torthaí foghlama i bhfócas:** Cá raibh an scoláire ag obair?

### Seomra Ranga/Pobal

<b>Cód</b>	<b>Aonad Tosaíochta Foghlama (ATF)</b>	Uimhearthacht
Roghnaigh: mar shampla/ m.sh. cód tagartha fianaise nó cód pleanála/taifid múinteora	Gné	Áireamhán a úsáid
	ToradhFoghlama	Áireamhán a aimsiú agus a úsáid ar fhón póca chun an méid a chosnóidh roinnt earraí ar thuras siopadóireachta a ríomh
<b>Cód</b>	<b>Aonad Tosaíochta Foghlama (ATF)</b>	Uimhearthacht
	Gné	Airgead a bhainistiú
	ToradhFoghlama	Íoc as earra i gceart in idirbheart réalaíoch siopadóireachta.
<b>Cód</b>	<b>Aonad Tosaíochta Foghlama (ATF)</b>	Cónaí i bpobal
	Gné	Áiseanna áitiúla a úsáid
	ToradhFoghlama	Áiteanna agus eagraíochtaí aitheanta sa phobal áitiúil a shainaithint

### Gníomhaíocht Mheasúnaithe:

Turas chuig siopa caife

### Critéir Ratha:

Céard atá tú ag iarraidh a bheith ar chumas an scoláire a dhéanamh?

- Áit a shainnithint agus a roghnú chun cuairt a thabhairt uirthi sa phobal ó 3 ghrianghraf/iomhá/rogha scríofa.
- Aip áireamhain a aimsiú ar an bhfón chun roghanna bia agus dí scoláire a shuimiú i gcaifé roghnaithe.
- An nóta ceart a fháil as a sparán le híoc as na rudaí a roghnaigh sé, bunaithe ar an suimiú.

### Breathnuithe:

Tá fianaise ar an méid seo a leanas...

Roghnaigh Páidí caifé sa cheantar ar an bpainéal idirghníomhach ó rogha de 3 íomhá go neamhspleách. Thastealaíomar go dtí an caifé agus theastaigh leid ó Pháidí an fón a bhaint amach. Bhí sé ábalta teacht ar an aip áireamhain go neamhspleách ach theastaigh cabhair uaidh chun na digití cearta a chur isteach tar éis a bhia agus deoch a roghnú (pota tae agus scóna le subh agus uachtar agus im!). Thóg Páidí amach a sparán nuair a iarradh an t-airgead air agus d'íoc sé le nóta €5. Leid ó bhaill foirne ag teastáil chun athrú go nóta €10.

### Na chéad chéimeanna eile/Aiseolas don scoláire:

Obair ar dhigití a chur isteach sa fón. Slánú chuig praghas níos airde chun an nóta cuí a roghnú.

Fianaise a Bailíodh: \_\_\_\_\_

Grianghraif: \_\_\_\_\_

Taifeadadh físe: \_\_\_\_\_

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Is féidir fianaise ar an bhfoghlaím a chothú trí raon leathan modhanna measúnaithe agus i réimse foirmeacha. Leagtar amach i bhFíor 2 an próiseas trína gcothaítear, trína mbailítear agus trína mbreithnítear fianaise ar an bhfoghlaím.

## FÍOR 2

An próiseas a bhaineann le fianaise a chothú, a bhailiú agus breithiúnas a thabhairt uirthi ag Leibhéal 2



## Tuairiscí Scoile

Léiríonn cleachtas éifeachtach tuairiscithe tuiscint ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta an scoláire agus cuireann sé aiseolas ionraic cuiditheach ar fáil. Tá sé de fhreagracht ar scoileanna a chinntiú gur féidir le gach scoláire, scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais san áireamh, dul chun cinn a dhéanamh ina bhfoghlaim agus go dtuairiscítear an dul chun cinn sin go cuí. Den chuid is mó, baintear amach é sin trí chuir chuige foghlama agus teagaisc idirhealaithe agus, i gcás an tuairiscithe, ba cheart go bhfeicfí dul chun cinn i dtreo spriocanna foghlama sainaitheanta agus pleanáilte ag an scoláire, a thuismitheoirí, a mhúinteoirí agus gairmithe eile i réimse na riachtanas speisialta lena mbaineann.

D'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a sainaitníonn siad dul chun cinn an scoláire a mbeadh riachtanais speisialta oideachais air agus atá ag gnóthú ar a leibhéal cumais féin. Agus a gcleachtas tuairiscithe féin á bhforbairt acu, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh bealaí a aimsiú lena thaispeáint gur féidir le gach duine óg foghlaim agus feabhsú. Agus dul chun cinn an scoláire ar a bhfuil riachtanais speisialta oideachais á thuairisciú, ba cheart cúram ar leith a dhéanamh den tionchar a bheadh ar fhéinmheas agus ar spreagadh an scoláire trí shraith tuairisceoirí a úsáid chun an dul chun cinn a thuairisciú. Don scoláire seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh an scoil ag iarraidh a formáidí tuairiscithe a chur in oiriúint ionas go mbíonn an bhéim ar ráitis cháilíochtúla faoin dul chun cinn a dhéantar amháin.

Mar a bheadh amhlaidh le gach scoláire, ba cheart go ndíreodh an próiseas tuairiscithe ar na 'chéad chéimeanna eile' don foghlaim agus deis ann, nuair is cuí, go dtabharfadh an scoláire agus an tuismitheoir tuairim faoin dul chun cinn a rinneadh.

## Measúnú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuirfear an fhianaise foghlama a bhailítear sa phunann CFL2 i láthair don PGSS. Beidh an foghlaim a aithnítear sa PGSS ailínithe go ginearálta le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Eiseoidh an scoil an PGSS. Beidh dhá chomhpháirt churaclaim i gceist le teistiúchán. Is iad sin na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) ar tugadh breac-chuntas orthu níos túisce sna treoirlínte seo, agus na gearrchúrsaí. Seachas na riachtanais a bhaineann le ATFanna, cuirfidh scoileanna agus an scoláire fianaise san áireamh freisin ar foghlaim in dhá ghearrchúrsa. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le gearrchúrsaí téigh to dtí <https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/?lang=ga-ie>

De bharr go ndíríonn na riachtanais don PGSS ar na ATFanna agus gearrchúrsaí Leibhéal 2, ní gá go mbeadh an foghlaimeoir iomlán teoranta don foghlaim ag Leibhéal 2. I gcás go sásaíonn sé riachtanais agus cumais an foghlaimeora lena mbaineann, is féidir comhpháirteanna curaclaim ag leibhéal eile a áireamh ina chlár scoile freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire ábhar nó gearrchúrsa a dhéanamh ag Leibhéal 3 agus a ghnóthachtáil ag an leibhéal sin a aithint mar chuid dá PGSS freisin.

Tugtar breac-chuntas ar na príomhghnéithe agus riachtanais a bhaineann le PGSS ag Leibhéal 2 i dTábla 1.

**Tábla 1: Gnéithe agus Riachtanais CFL2anna i gcomhair teastasú trí Phríomhcheisteanna PGSS**

<p>Cad iad na comhpháirteanna a chuirtear san áireamh le haghaidh teistiúcháin?</p>	<p><b>Aonaid Tosaíochta Foghlama</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cumarsáid agus litearthacht</li> <li>• Uimhearthacht</li> <li>• Cúram pearsanta</li> <li>• Maireachtáil i bpobal</li> <li>• Ullmhú don obair</li> </ul> <p><b>Dhá ghearrchúrsa Leibhéal 2</b></p>
<p>Cé mhéad comhpháirt atá i gceist le teistiúchán?</p>	<p>Taifeadtar dhá chomhpháirt sa PGSS: AFTanna agus gearrchúrsaí (Leibhéal 2). Chun gnóthachtáil i ngach AFT a thaifeadadh sa PGSS, ní mór don scoláire fianaise foghlama a chur i láthair i bhformhór na dtorthaí foghlama do gach gné den ATF sin.</p> <p>Chun gnóthachtáil i ngach gearrchúrsa Leibhéal 2 a thaifeadadh ar an PGSS, ní mór a mheas go gcomhlíonann obair an scoláire Gnéithe Cáilíochta an Mheasúnaithe Rangbhunaithe don gearrchúrsa nó do na gearrchúrsaí Leibhéal 2 ar a ndearnadh staidéar.</p>
<p>Cén t-am ba cheart a leithdháileadh don chomhpháirt ar amchlár na scoile?</p>	<p>Timpeall 250 uair an chloig do gach ATF agus 100 uair an chloig do gach gearrchúrsa.</p>
<p>Cé a shonraíonn na socruithe curaclaim agus measúnaithe atá le leanúint?</p>	<p>Tá sonraíochtaí agus socruithe measúnaithe leagtha amach ag CNCM le haghaidh na nATFanna sna <i>Cláir Foghlama Leibhéal 2. Treoirlínte do Mhúinteoirí.</i></p> <p>Tá tacar uirlisí CFL2 ar líne ann freisin le húsáid i bpleanáil foghlama agus measúnú ATFanna.</p> <p>San áireamh freisin i d<i>Tacar Uirlisí</i> na sraithe sóisearaí tá acmhainní don mheasúnú atá ábhartha don mheasúnú in CFL2anna.</p> <p>Is é CNCM, an scoil nó foinse eile a shocraíonn sonraíochtaí do ghearrchúrsaí Leibhéal 2.</p> <p>Cuireann CNCM samplaí agus teimpléid ar fáil má tá na gearrchúrsaí á bhforbairt ag scoileanna.</p> <p>Cuireann CNCM, trí na <i>Treoirlínte</i> agus <i>Tacar Uirlisí</i>, ábhair shamplacha ar fáil do scoileanna ina dtaispeántar an chaoi le measúnú a dhéanamh ar chonas na torthaí foghlama sna ATFanna a mheasúnú.</p>
<p>Cén ról atá ag CNCM sa mheasúnú?</p>	<p>Cuireann CNCM, trí shamplaí de gearrchúrsaí Leibhéal 2, ábhair shamplacha ar fáil do scoileanna maidir le measúnú ar gearrchúrsaí.</p>
<p>Cén ról atá ag scoileanna i measúnú don teistiúchán?</p>	<p>Tá measúnú ar ATFanna agus gearrchúrsaí agus bronnadh PGSS scoilbhunaithe.</p> <p>Aithneofar foghlaim gach scoláire a shásaíonn na riachtanais ghnóthachtála ar a dtugtar breacchuntas thuas i ndáil le ATFanna agus gearrchúrsaí as gach comhpháirt churaclaim sa PGSS.</p>
<p>Conas a thaifeadfar na comhpháirteanna sa PGSS?</p>	<p>Tomhaistear grádú gnóthachtála in ATFanna agus Gearrchúrsaí (Leibhéal 2) ar an ar bhonn an Tuairisceora a Baineadh Amach.</p>

## Cuid a Ceathair: Ó threoiríníte go cláir foghlama

## An Réamhrá

---

Forbraíodh na treoirlínte i gcomhar le scoileanna a bhfuil saineolas agus cleachtas nuálach forbartha acu bunaithe ar a dtaithe ar an méid ata oiriúnach agus na rudaí a oibríonn don scoláire atá i gceist. Tá sé i gceist go n-úsáidfeadh gach múinteoir iad agus ba cheart go mbeidís inrochtana freisin do raon pearsanra eile atá bainteach go díreach le hoideachas an scoláire. Áirítear orthu sin tuismitheoirí/caomhnóirí, cúntóirí riachtanais speisialta, teiripeoirí, foireann bainistíochta, treoirchomhairleoirí agus gairmithe ábhartha eile.

Glacann an scoláire atá i gceist páirt i raon suíomhanna: i ranganna cumais mheasctha agus ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna, agus i gcineálacha éagsúla ranganna i scoileanna speisialta. Ar cheann de na príomhsmainte faoi na cláir foghlama tá gur cheart go mbainfidís amach an chothromaíocht is fearr agus is féidir idir eispéiris leathana a chur ar fáil don scoláire agus dul i ngleic lena riachtanais ar leith. Is dúshlán é an chothromaíocht seo a bhaint amach agus a choinneáil i gceapadh agus reáchtáil clár – cé go bhféadfadh scoileanna a bheith san áit is fearr chun tacú leis an méid solúbthachta a mholtar, is minic an tasc an chothromaíocht a aimsiú a bheith an-dúshlánach ag iar-bhunscoileanna príomhshrutha atá struchtúrtha, sceidealaithe agus eagraithe chun tacú le riachtanais grúpaí scoláirí seachas daoine aonaracha.

## 3.1 Na cláir foghlama i ngníomh

---


Le cabhrú chun cláir foghlama a phleanáil, tugtar scéimre sa roth foghlama (Fíor 3), ina gcuirtear gnéithe difriúla na dtreoirlínte i láthair agus ina ndéantar ceangal eatarthu. Is é an scoláire tús agus deireadh an chláir foghlama. Léirítear é mar chiorcail chomhlárnacha ar roth le bheith mar mheabhrú amhairc agus uirlis mhachnamhach do mhúinteoirí agus scoláirí ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hamharc iomlánaíoch a chothabháil ar an bhfoghlaim. Léiríonn na ciorcail chomhlárnacha, ón taobh istigh amach, na scoláirí, gnéithe dá bhfoghlaim ar nós Plean Oideachais don Dalta Aonair, catagóirí na dtorthaí foghlama lena mbaineann, na ATFanna, réimsí curaclaim féideartha a áirítear sa chlár, an ghné mheasúnaithe agus cháilíochtaí agus, ar deireadh, roinnt de na príonsabail lena mbaineann. Déantar cur síos sa tábla a leanann an léaráid ar na gnéithe ón roth níos mine.

Chun tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil le haghaidh foghlaim agus measúnú tá uirlis ríomhphleanála forbartha ag CNCM. Tá de bhonn eolais aige an roth foghlama mar sin cabhraíonn sé le múinteoirí pleanáil ar bhealach comhtháite, seachas an Plean Oideachais don Dalta Aonair, spriocanna litearthachta agus uimhearthachta chomh maith le spriocanna CFL2 a fheiceáil mar rudaí éagsúla faoi leith.



# FÍOR 3:

## Pleanáil don fhoghlaim: an roth foghlama



## I lár an rotha tá an scoláire

1

### Bonnlíne don foghlaim a bhunú

Is é an chéad rud is ceart cuimhneamh air agus clár foghlama á phleanáil ná céard atá foghlamtha ag an scoláire cheana féin. Déantar breith ag an tráth seo ar réamheolas, spéiseanna speisialta, Plean Oideachais don Dalta Aonair agus uailmhianta todhchaí ag an gcéim seo.

2

### Eolas, tuiscint, scileanna agus dearchtaí

Is é an chéad rud eile le cuimhneamh air an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na dearchtaí a dteastaíonn uainn go bhfaighidh an scoláire iad sa chlár foghlama.

3

### Aonaid Tosaíochta Foghlama

Chun clár foghlama a dhearadh, roghnaítear na gnéithe is oiriúnaí i ngach ATF don scoláire.

### Réimsí curaclaim

Tugtar réimse eispéireas sa churaclam inar féidir leis an scoláire na torthaí foghlama ábhartha a bhaint amach.

4

### Fianaise ar fhoghlaim agus ar cháilíocht

Úsáidtear raon modhanna chun fianaise a bhailiú ar fhoghlaim an scoláire. Nuair a chuireann an scoláire an clár foghlama i gcrích go rathúil, bronntar an PGSS.

5

### Prionsabail

Léiríonn na prionsabail chomh tábhachtach is atá forbairt agus oibriú na gclár foghlama.

6

## 32 Roinnt clár foghlama samplach

---

Nuair a bhí roinnt clár foghlama samplach á bhforbairt a léireodh na treoirlínte i ngníomh, shainaithin scoileanna scoláirí ón spriocghrúpa ábhartha agus chothaigh siad clár foghlama dóibh. Déantar cur síos sna cláir foghlama ar réimse gníomhaíochtaí atá á n-úsáid ag na scoileanna faoi láthair lena scoláirí. Baineann na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu sna cláir foghlama shamplacha le taithí na scoileanna féin ag oibriú i dtreo cáilíocht/bronnadh reatha, i gcásanna áirithe is é seo Teastas Leibhéal 2 QQI i bhfoghlaim Ghinearálta agus, i gcásanna eile, is é dámhachtain Líonra Creidiúnaithe agus Forbartha na Scéime Dámhachtana (ASDAN) atá ann.

Déantar cur síos sna cláir foghlama shamplacha ar na ATFanna do gach scoláire. Roghnaítear ATFanna le próifíl agus riachtanais ar leith an scoláire ar intinn. Go ginearálta, táthar ag súil go mairfeadh clár foghlama scoláire ar feadh na sraithe sóisearaí, agus nuair a chríochnófar é go mbeadh PGSS aige. Ba cheart béim a leagan ar an gcaoi nach ndéantar cur síos sna cláir ar fhoghlaim iomlán an scoláire. Tá gníomhaíochtaí agus eispéiris foghlama eile a bhféadfadh an scoláire tabhairt fúthu i rith na sraithe sóisearaí nach bhfuil cur síos déanta orthu sa chlár foghlama.

Is féidir foghlaim churaclaim agus sheach-churaclaim a áireamh i gcláir foghlama.

## Clár foghlama 1: Pól (iar-bhunscoil)

### An Réamhrá

Tá Pól ina scoláire sa chéad bhliain i bpobalscoil mhór uirbeach ina bhfuil 1100 scoláire. Is buachaill aigeanta, an-sochaideartha é, atá 14 bliana d'aois agus a bhfuil a lán cairde aige. Tá raon leathan spéiseanna aige, lena n-áirítear rac-cheol, snámh, drumáí agus sacar. Tá sé ar an duine is óige de thriúr páistí agus is é an t-aon bhuaichill sa teaghlach. Tá Siondróm Williams ar Phól (is riocht neamhchoitianta géiniteach é Siondróm Williams a chruthaíonn fadhbanna leighis agus forbartha) agus tá sé ag feidhmiú laistigh den raon deacrachtaí foghlama ginearálta measartha. Tá Pól páirteach sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus téann sé chuig campa ceoil le cumann Siondróm Williams. D'fhreastail Pól ar bhunscoil phríomhshrutha agus tá a thuismitheoirí ag iarraidh go mór go bhfreastalóidh sé ar iar-bhunscoil phríomhshrutha.

Atmaisféar tréadach atá sa scoil agus tá a struchtúir agus a bunfhealsúnacht cothaitheach agus tacúil. Tá de thréith inti go ndírítear ar chomhpháirtíocht, comhar agus comhoibriú.

Síntear an comhar lasmuigh den scoil mar tá Pól páirteach i gclár for-rochtana le scoil speisialta áitiúil agus sa chlár tá foireann ildisciplíneach ina bhfuil síceolaí oideachais, teiripeoir urlabhra agus teanga, fisiteiripeoir agus teiripeoir saothair.

Tairgtear curaclam na sraithe sóisearaí i suíomh cumais mheasctha. Roghnaíonn an scoláire ó raon de 14 ábhar - Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Tíreolaíocht, Stair, teanga Eorpach, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas, Oideachas Reiligiúin, Amharc-ealaín, Innealtóireacht, Theicneolaíocht Adhmaid, Ceol, Grafaic agus Eacnamaíocht Bhaile.

Sa chéad bhliain bíonn deis ag an scoláire triail a bhaint as roinnt ábhar, óna roghnaíonn sé a roghanna chun staidéar a dhéanamh orthu sa dara bliain agus sa tríú bliain.

Gach lá tarlaíonn foghlaim Phóil i suíomhanna éagsúla, lena chomhscoláirí den chuid is mó, agus bíonn dhá thréimhse ranga ar an meán i ngrúpa beag nó i suíomhanna teagaisc duine le duine

Dearadh clár ama Phóil chun a ionchuiamsiú a uasmhéadú, agus chun a bheith airdeallach ag an am céanna go dtagann tuirse air go héasca. Ar an gcaoi seo freastalaíonn Pól ar 38 de na 45 thréimhse ranga gach bliain. Leanann sé curaclam laghdaithe, déanann sé Amharc-ealaín, Innealtóireacht, Tíreolaíocht, Ceol, OSPS, Corpoideachas, OSSP, agus Ríomhairí lena chomhscoláirí, i ranganna cumais mheasctha. Oibríonn sé le múinteoir acmhainne agus grúpa beag (3-4 scoláire) dá ranganna Matamaitice agus Béarla le haghaidh sé thréimhse sa tseachtain do gach ceann acu, agus tá ceithre rang aistarraingthe aige lena mhúinteoirí Corpoideachais, Tíreolaíochta agus Béarla. Gach lá tarlaíonn foghlaim Phóil i suíomhanna éagsúla, lena chomhscoláirí den chuid is mó, agus bíonn dhá thréimhse ranga ar an meán i ngrúpa beag nó i suíomhanna teagaisc duine le duine.

## Foghlaim phearsantaithe

Dirítear in PODA Phóil ar a láidreachtaí agus a riachtanais foghlama agus thíos anseo tá achoimre ar a phríomhspricanna PODA.

### Achoimre ar spricanna PODA Phóil

- Litearthacht**
- litreacha bunúsacha a aithint agus scileanna léitheoireachta a fhorbairt níos mó ná focail 3 litir, ag úsáid cur chuige bunaithe ar fhónaic
  - a bheith ag obair ar stór focal súilaithe sóisialta agus scríobh scéalta a thabhairt isteach
- Teanga**
- stór focal a leathnú
  - labhairt ar a shon féin nuair a fhreagraíonn sé ceisteanna
- Sóisialta**
- beannú do dhaoine fásta agus do chomhscoláirí i gcomhthéacsanna scoile agus ranga
  - feasacht a fhorbairt ar dhaoine agus ar áiteanna atá sábháilte agus contúirteach
  - a chuid ábhar a shórtáil le haghaidh ranganna éagsúla
  - seicheamh gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i gcrích ar scoil agus lasmuigh den scoil
- Scileanna luaile**
- a bhealach a dhéanamh i bhfoirgneamh na scoile gan chabhair
  - straitéisí a fhorbairt chun comhráite a thosú i suíomhanna faoi leith
  - céimeanna a ghlacadh i dtreo imní a bhainistiú
  - comhordú lámh agus súl a fhorbairt (cleachtadh leis an méarchlár)
  - greim compordach a fhorbairt le haghaidh scríbhneoireachta
- Matamaitic shóisialta**
- feasacht a fhorbairt ar am agus ar an gclog
  - a bheith ag obair a thuilleadh ar thuiscint ar an airgead
  - ríomh bunúsach a fhorbairt

Leis an PODA mar thúsphointe, agus ag úsáid threoirlínte an churaclaim, ceapann an múinteoir acmhainne clár foghlama Phóil. Agus é á dhéanamh seo téann sé i gcomhairle le Pól, lena thuismitheoirí agus lena chúntóir riachtanas speisialta, agus le baill foirne eile atá ag obair leis. Bunaithe ar a riachtanais agus láidreachtaí reatha roghnaítear na gnéithe is oiriúnaí ó gach AFT agus tugtar breac-chuntas orthu seo thíos. Tarlaíonn plé go minic agus go leanúnach ar dhul chun cinn Phóil agus ar phleananna don todhchaí go neamhfhoirmiúil le linn na seachtaine scoile, agus go foirmiúil ag a chruinnithe PODA ag tús na scoilbhliana, agus ag cruinnithe athbhreithnithe le linn na bliana.

## Achoimre ar Chlár Foghlama Phóil

Aonaid Tosaíochta Foghlama	Gnéithe	Ábhair na sraithe sóisearaí/ gníomhaíochtaí scoile
Cumarsáid agus litearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil</li> <li>Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl</li> </ul>	Béarla agus gach ábhar
Uimhearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Airgead a bhainistiú</li> <li>Feasacht faoi am a fhorbairt</li> </ul>	Matamaitic, Staidéar Gnó agus gach ábhar
Cúram pearsanta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Eolas ar conas a bheith sábháilte</li> </ul>	OSPS agus ábhair
Cónaí i bpobal	<ul style="list-style-type: none"> <li>Caidrimh dhearfacha a chothú</li> <li>Áiseanna áitiúla a úsáid</li> </ul>	OSPS, OSSP, Tíreolaíocht, gach ábhar, Córas páirtíochta <i>Meitheal</i>
Ullmhú don obair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feasacht faoi shláinte agus sábháilteacht maidir le trealamh a úsáid a fhorbairt</li> </ul>	Innealtóireacht agus gach ábhar

## Comhoibriú

Déanann an múinteoir acmhainne teagmháil le múinteoirí ábhair Phóil chun a fheiceáil conas a fhéadfaidh siad cabhrú chun roinnt dá AFTanna a chlúdach ina ranganna ábhair. Comhoibríonn siad ar bhealaí fianaise a thiomsú ar a éachtaí ina AFTanna agus déantar seo go príomha trí phunann a chur le chéile agus trína dhialann léitheoireachta. Le punann chomhroinnte is féidir cumarsáid a bheith ann idir múinteoirí agus Pól ag athrú ó ábhar go hábhar ar bhonn laethúil. Déanann múinteoirí Phóil tráchtairacht freisin ar na topaicí reatha agus/nó scileanna a bhfuil siad ag obair orthu agus iad ag úsáid phunann Phóil.

Úsáideann acmhainn tacaíochta/acmhainne foghlama na scoile córas bosca atreoraithe sa seomra ranga mar ar féidir le múinteoirí saincheisteanna ábhartha a thabhairt i láthair na foirne tacaíochta foghlama. Tugann an fhoireann faoi fhreagairt go cuí, bíodh sin trína gcuid idirghabhálacha féin, nó trí straitéisí agus acmhainní a chomhroinnt agus a phlé. Do Phóil, tá an córas bosca seo úsáideach chun comhar agus obair foirne a éascú i scoil mhór ghnóthach.

## Teagasc agus foghlaim

Tarlaíonn foghlaim Phóil trí chuir chuige idirdhealaithe, chun go mbeidh a chuid foghlama dúshlánach go cuí dó. Tá sé coincreideach agus eagraithe i gcéimeanna soiléire freisin. De bhrí go mbunaítear obair ar réadúlacht Phóil déantar a thascanna foghlama ábhartha agus méadaítear an fhéidearthacht a bhaineann le haistriú scileanna go dtí a eispéiris lasmuigh dá shaol scoile. Leis na naisc shonracha idir ábhair shonracha cabhraítear a thuilleadh le haistriú scileanna foghlama.

## Difreáil

Tháinig roinnt tionscadal traschuraclaim chun cinn do Phóil trí chomhar foirne múinteoirí. Cuireann siad deiseanna ar fáil do Phóil le haghaidh foghlaim níos doimhne agus léargas ar thopaicí atá clúdaithe cheana féin sna ranganna cumais mheasctha. Is foinse deiseanna iad do Phóil, a chlúdaíonn gnéithe iolracha laistigh de na AFTanna.

Nuair atá siad ag comhtheagasc sa Tíreolaíocht agus san Eolaíocht, déanann beirt mhúinteoirí straitéisí, ábhair agus cuir chuige i leith fhoghlaim Phóil a phleanáil, a phlé agus a athbhreithniú go rialta. Is fearr straitéisí ar nós eochairfhocal, tascanna grúpa, rólimeartha agus a lán eile. Cuirtear síos sna hailt seo a leanas ar dhá thionscadal traschuraclaim a bhfuil Pól páirteach iontu.

## Béarla agus ceol

De bhrí go bhfuil dúspéis ag Pól sa cheol, tá tionscadal ar chineálacha ceoil san áireamh ina chlár Béarla.

Cabhraíonn comhoibriú idir an roinn ceoil agus an roinn acmhainní leis an tionscadal seo. Fiosraítear sa tionscadal seo trí chineál Ceoil: Miotal Trom ‘Slipknot’, Ceol Traidisiúnta Gaelach agus píosa Clasaiceach. Éistear leis an gceol agus meastar é maidir lena thionchar ar an éisteoir. Is maith le Pól ‘Galway Girl’ le Mundy. Breathnóidh sé ar na liricí agus éistfidh sé leis an gceol roinnt uaireanta. Cabhraíonn roinn an cheoil chun bileog mheastacháin a chur le chéile do Phóil le críochnú do gach píosa. Sa mheastachán seo tá: an teideal, an cumadóir, an tempo, na huirlisí, ciall na liricí, agus na mothúcháin a spreagann an píosa ann.



## Tionscadal bolcáin

(Tíreolaíocht, Amharc-ealaín, Theicneolaíocht Adhmaid agus Eolaíocht)

Oibríonn múinteoir Tíreolaíochta Phóil leis ar bhonn duine le duine agus le linn an ama seo bíonn siad ag tógáil bolcáin. Bíonn forbairt stór focal, obair cheardaíochta, comhordú lámh agus súl, sraith gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur i seiceamh, tomhas, agus an tionscadal a scríobh i gceist leis. An obair cheardaíochta (ag úsáid páipéir agus gliú, agus tonnadóra)

tarlaíonn sé sa seomra ealaíne, le cabhair óna mhúinteoir Ealaíne. Leis seo cuirtear ar fáil deis chun réimse saincheisteanna a phlé seachas an Bolcán. Tá na ranna Tíreolaíochta, Ealaíne, Ceardaíochta, Deartha, Teicneolaíochta Ábhar (Adhmad) agus Eolaíochta páirteach san obair ar an mBolcán.

Sa rang Eolaíochta, léiríonn an múinteoir conas is féidir le gníomhaíocht sóide aráin agus fínéagair le ruaim bhia gníomhaíocht bolcáin a athchruthú. Déantar bonn an bholcáin le cuidiú an mhúinteora Teicneolaíochta Ábhar (Adhmad). Is e an píosa deireanach cur i láthair Phóil dá rang Tíreolaíochta. Tá an réimse teanga agus na deiseanna le haghaidh athrá stóir focal i suíomh an-réchúiseach thar thréimhse sé seachtaine (tréimhse amháin sa tseachtain) an-luachmhar dó. Bíonn sé ag súil leis an rang seo gach seachtain.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Phóil

# Cumarsáid agus Litearthacht

Braitheann tuismitheoirí Phóil gurb é an AFT seo an réimse is mó dúshlán dó ach bheadh lúcháir orthu dá mbeadh sé ábalta a ainm agus a sheoladh a scríobh agus foirmeacha bunúsacha a chomhlánú. Aithníonn siad gur bhreá leis léamh agus thug siad faoi deara é ag tógáil an nuachtáin agus ag déanamh iarrachta scéal spóirt a leanúint. Ag caint le Pól cuireann sé in iúl go bhfuil 'na litreacha agus conas léamh a fhoghlaim' tábhachtach dó.

## Gné:

### Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

#### Cur chuige taithí teanga

Glacadh le cur chuige taithí teanga chun léitheoireacht agus scríbhneoireacht Phóil a chur chun cinn. Sa chur chuige seo úsáidtear topaic is spéis do Pól, ar nós imeacht spóirt nó imeacht teaghlaigh, i gcomhrá agus déantar é a thaifeadadh ansin in abairtí. Trí na habairtí seo a ghearradh suas agus a thabhairt ar Pól iad a chur in ord arís, tá sé ag foghlaim focail nua atá ábhartha dó agus ar féidir leis ansin a léamh, agus a oiriúnú a thuilleadh le haghaidh eispéiris léitheoireachta a fhorbairt.

### Clár léitheoireachta

Leanann Pól clár córasach fóineolaíoch. Cabhraíonn a thuismitheoirí leis an obair seo trí na fuaimeanna agus na focail a chleachtadh sa bhaile. Feidhmíonn leideanna pictiúrtha agus obair amharcléirithe go maith do Phól. Tá cleachtadh ag Pól ar chláir léitheoireachta ón mbunscoil agus thaitin sé leis a bheith ag léamh na scéalta faoi charachtair a raibh eolas maith aige orthu sa chéad téarma san iar-bhunscoil. Úsáidtear leabhair ghníomhaíochta chun a dhul chun cinn léitheoireachta a dhaingniú. Sa CD Rom den tsraith cuirtear ar fáil gné bhreise do Phól, a bhfuil an-spéis aige i ríomhairí.

### Stór focal súilaithe

Tugadh grianghraif de chomharthaí na scoile don bhunscoil nuair a bhí Pól i rang a sé chun ligean dó a bheith beagán níos eolaí ar an bhfoirgneamh. Thug sé cuairt ar an scoil freisin roinnt uaireanta lena chomhscoláirí i rang a sé agus lena thuismitheoirí sular thosaigh sé ag freasta.

Úsáidtear spléach-chártaí lannaithe agus pictiúir chomhfhreagracha ó thimpeallacht na scoile chun stór focal súilaithe a theagasc. Comhoibríonn an scoil le thuismitheoirí Phóil chun a bheith ag obair ar a stór focal súilaithe, ag díriú ar a bhaile chomh maith le timpeallacht na scoile.

### Dialann léitheoireachta

Cruthaíodh dialann léitheoireachta do Phól chun a dhul chun cinn sa léitheoireacht a rianú ar bhonn laethúil agus sa bhaile cabhraíonn a thuismitheoirí le Pól a léitheoireacht a chleachtadh.

## Gné:

### Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

#### Leabhar scéalta pearsanta

Is píosa mór scríbhneoireachta é an leabhar scéalta pearsanta a choinnítear i bhformáid leabhair gearrthóg ina rianaítear teaghlach agus cairde Phóil, a pheataí, rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis, caithimh aimsire agus spéiseanna, comharsanacht agus uaimhianta don todhchaí. Bhí an píosa oibre seo sultmhar dó agus atreisiúnn sé a thuiscint ar a thimpeallacht. Tugann sé deis dó píosa uathúil oibre a tháirgeadh a fheabhsaíonn a shásamh. Is píosa machnamhach é freisin mar rianaítear leis luathshaol Phóil agus breathnaítear chun cinn sa todhchaí leis. Úsáideann Pól bogearraí scríbhneoireachta cúnata a tháirgtear ar bhonn tráchtála. Déantar asphriontaí a nuashonrú go seachtainiúil i bpunann Phóil. Comhlánaíonn Pól go minic leathanaigh oibre ar chuir chuige fónach i leith léamh focail, agus chun cabhrú le tuiscint trí thascanna iomlánaithe.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Phóil

# Uimhearthacht

## Gné: Airgead a bhainistiú

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Úsáidtear ábhair nithiúla mar bhoinn agus nótaí chun siopadóireacht a rólímirt. Is é a bhíonn i gceist leis sin ná aithint airgeadra, méideanna cearta a chomhaireamh agus an tsóinseáil a sheiceáil. Chruthaigh Pól taispeántas balla de bhoinn agus nótaí i seicheamh agus breathnaíonn sé air gach lá. Déantar an obair seo a atreisiú a thuilleadh gach lá le linn na dturas minice go dtí an t-ionad siopadóireachta áitiúil, a tharlaíonn lena rang acmhainne. Tá muinín Phóil maidir le hóc as rud éigin a cheannaigh sé agus chun rud éigin a ordú mar shampla, i siopa mearbhia, tar éis méadú le gach seachtain a théann thart. Tá a chumas an méid a theastaíonn a chomhaireamh amach agus a shóinseáil a sheiceáil ag feabhsú. Tacaíonn tuismitheoirí Phóil le haistriú fhoghlaim Phóil sa réimse seo agus nuair a thugann siad é ag siopadóireacht agus nuair a thugann siad freagracht níos mó dó ar na turais seo.

## Gné:

## Feasacht ar am a fhorbairt

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tá sé ríthábhachtach do Phól feasacht ar am a fhorbairt. Mar gheall ar a dhrochthuiscint ar choincheap an ama is mó an imní a bhíonn air agus níl sé in ann a thomhas cá fhad a d'fhéadfadh rang maireachtáil ná cén uair a bheidh sos ann. Trí mhionsamhail de chlog a úsáid múintear na huaireanta agus codanna uaireanta. Chruthaigh múinteoir acmhainne Phóil an smaoineamh Sceidealóir Amhairc a dhearadh go sonrach do Phól. Tá ceann amháin ann do gach lá agus is é atá ann leathanach le haghaidh gach tréimhse le grianghraf den mhúinteoir agus siombail den ábhar ar an leathanach. Tá sé dathchódaithe freisin de réir shuíomh an tseomra ranga san fhoirgneamh agus dath na ndoirse go dtí na seomraí ranga seo. Cuirtear clog digiteach beag ar a dheasc le haghaidh ranganna deascbhunaithe ionas gur féidir leis a bheith ag dréim le hathruithe i ngníomhaíocht agus ionas go mbíonn sé feasach ar cathain a bheidh deireadh leis an rang. Mar shampla iarrtar ar Phól 10 nóiméad a chur ar leataobh le haghaidh gníomhaíocht léitheoireachta.



Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Phóil

## Ag Ullmhú don Obair

### Gné: Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a fhorbairt maidir le

---

#### trealamh a úsáid

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

#### Liosta de phríomhrioscaí sábháilteachta san ionad oibre

Le rang Teicneolaíochta Ábhair (Miotail) Phóil cuirtear ar fáil comhthéacs réadúil chun a fhoghlaim cad atá sábháilte in ionad oibre. Múintear sábháilteacht go sonrach ag tús na chéad bhliana, agus tá sí ina cuid lárnach de gach gníomhaíocht laethúil sa cheardlann. Déanann an múinteoir bunrialacha soiléir, mar shampla ní cheadaítear rith sa cheardlann, níor chóir éadaí scaoilte a chaitheamh, ba cheart gach pasáiste a choinneáil glan. Sa rang Teicneolaíochta Ábhair (Miotail) foghlaimíonn Pól rialacha agus nósanna imeachta sábháilteachta nuair a dhéanann sé a fháinne eochracha, coinneáil fóin póca, agus cluiche. Foghlaimíonn sé rialacha agus nósanna imeachta sábháilteachta lena chomhscoláirí agus is minic a tharraingítear a aird ar an gcairt bhalla, mar ar féidir leis a mhéar a dhíriú ar léaráidí agus ar threoracha ábhartha. Tá Pól anois ábalta uirlisí a ghlanadh ar ais ina n-áiteanna cearta agus leanann sé treoir maidir le húsáid cheart uirlisí agus trealaimh.

Ar liosta Phóil tá focail agus pictiúir de cad atá sábháilte agus contúirteach.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Phóil

# Ag Cónaí i bPobal

## Gné:

### Caidrimh dhearfacha a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

#### Naisc leis an mórfhobal trí *Meitheal*, córas páirtíochta

Tá córas *Meitheal* i bhfeidhm sa scoil. Is córas páirtíochta é seo, cuireann scoláire sinsearach iarratas isteach agus déantar é a oiliúint mar mheantóir. Déanann gach scoláire sinsearach cairdeas le grúpa beag scoláirí sa chéad bhliain agus déanann sé meantóireacht leo. Ceann de na réimsí is luachmhaire do Phóil is ea an club cluichí ag am lóin, a reáchtáiltear tríd an gcóras páirtíochta *Meitheal*. Tugann seo an deis do Phóil meascadh lena chomhscoláirí agus a scileanna cumarsáide a fheabhsú. Bíonn sé ag súil gach lá lena shos ag am lóin leis na scoláirí eile. Nuair a fhiafraítear de cad é is mó a thaitníonn leis ar scoil deir sé láithreach ‘cairde’. Is é teagmháil leis na scoláirí eile an pháirt is sásúla dá shaol mar scoláire.

## Gné: Áiseanna áitiúla a úsáid

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

### Áiteanna a bhfuil taithí aige orthu a shainaithint

Clúdaítear an bealach a dhéanamh do gach scoláire i ranganna OSPS ag tús na scoilbhliana. Cuireann a mhúinteoirí acmhainne tacaíocht bhreise ar fáil do Phól agus déanann siad é seo a chleachtadh leis. De réir mar a théann sé tríd an bhfoirgneamh, ag baint amach tascanna éagsúla gach uair, méadaíonn a mhúinín. Chun cabhrú leis, tá bileog de pháipéar daite lannaithe, a fhreagraíonn do dhath na ndoirse ar na ceithre dhorchla, greamaithe de dhoras gach seomra ranga a úsáideann Pól agus ag suíomhanna straitéiseacha ar na dorchlaí mar a gcaithfidh Pól cinneadh a dhéanamh tiontú. Ag am sosa bíonn sé an-bhródúil imeacht leis go dtí an ceaintín ina aonar. Tá lúcháir ar a thuismitheoirí faoin neamhspleáchas nua seo agus tá sé níos sona faoin scoil. Aithníonn Pól féin, is léir, go bhfuil tábhachtacht le ‘mo bhealach a aimsiú timpeall na scoile’ mar chuid dá fhoghlaim i mbliana.

### Páirt a ghlacadh i dtionscadal pobail atá bunaithe sa scoil

Tá Pól rannpháirteach i dtionscadal traschuraclaim ar Phobal ina cheantar áitiúil agus tá baint ag na hábhair seo a leanas leis - OSPS, OSSP agus Tíreolaíocht. Sa rang Tíreolaíochta, déanann Pól an ceantar áitiúil a mhapáil, ag aimsiú a scoilphobail agus a chomharsanacht. Ina obair thionscadail ar phobal breathnaítear ar an gceantar áitiúil agus eagraíochtaí atá cabhrach do dhaoine sa cheantar. Tá cuairt ar an leabharlann áitiúil agus ar Youth Initiative (club) mar chuid dá chuid oibre sa tionscadal. Mar chuid den chuairt buaileann sé le príomhoibrí san eagraíocht agus tógann sé grianghraif de na foirgnimh dá phunann.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Phóil

### Cúram Pearsanta

Lorgaíodh comhairle ón tsíceolaí ag an scoil speisialta áitiúil maidir leis an ngné caidreamh agus gnéasachta. Léirigh tuismitheoirí Phóil gur mhaith leo go ndéileálfai leis an ngné seo.

### Gné: Eolas ar conas a bheith sábháilte

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

#### Sábháilteacht phearsanta

I ranganna OSPS, tarlaíonn plé ar an gceart ar shábháilteacht phearsanta. Ag úsáid réimse cásanna difriúla, tarraingíonn Pól daoine cipíneacha chun cur síos ar an méid ba cheart tarlú ina dhiaidh sin. Úsáidtear cártaí cáis sa rang freisin, chomh maith le rólímirtí ar conas a d'fhéadfadh duine déileáil le cás faoi leith.

Úsáidtear breathnóireacht múinteora agus comhscóláire i réimse de na AFTanna, mar shampla rannpháirtíocht Phóil i bplé OSPS agus a rannpháirtíocht sa chlár *Meitheal*.

#### Príomhthascanna/ gníomhaíochtaí measúnaithe i gcomhair fianaise ar fhoghlaim

Baineann Pól sult as dúshlán agus is breá leis nuair a éiríonn leis. Mar sin cruthaítear deiseanna chun freagairt ar a dhul chun cinn agus a éachtaí foghlama a aithint. Breathnaítear go dearfach ar aon deacrachtaí a bhíonn aige agus mar dheiseanna rud éigin nua a fhoghlaim. Anseo atá roinnt samplaí ó shaol scoile Phóil.

Sa rang Matamaitice, dhear an múinteoir leathanaigh oibre dhifreálaithe, lena gcuirtear ar a chumas do Phóil bogadh ó cheist amháin go dtí an chéad cheist eile, agus aiseolas a fháil óna mhúinteoir de réir mar a theastaíonn sé uaidh.

Ina chuid oibre ar na cláir léitheoireachta ríomhchuidithe faigheann sé freagairtí láithreacha ar obair atá curtha i gcrích, agus cuirtear ar a chumas dó a fhreagairt a athbhreithniú, nó a choigeartú, de réir mar is cuí.

Tríd an dialann léitheoireachta a úsáid déantar taifead ar obair Phóil sa léitheoireacht ar bhonn laethúil agus éascaítear rannpháirtíocht dhíreach a thuismitheoirí ina chlár léitheoireachta.



Is é punann Phóil an phríomhfhianaise ar a fhoghlaim. Déanann sé athbheithniú ar a phunann, lena chomhscoláirí le linn am acmhainne grúpa. Tarlaíonn athbheithnithe aonair lena mhúinteoir acmhainne freisin. Tá deis ag tuismitheoirí Phóil breathnú ar a phunann le linn cruinnithe PODA agus tuismitheoirí is múinteoirí. Tá an obair a chlúdaigh Pól ina chlár foghlama á húsáid faoi láthair mar fhianaise ar fhoghlaim le haghaidh dhámhachtain New Horizon ASDAN.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

De bhrí gurb é seo an chéad uair a raibh scoláire ag a bhfuil próifíl Phóil ag an scoil, bhain dúshlán le clár foghlama a eagrú dó. De bhrí go raibh na treoirlínte acu bhí struchtúr acu le bheith ag obair uaidh. Ina chlár foghlama tugadh faoi spriocanna tosaíochta foghlama Phóil óna PODA.

Bhí an obair phleanála maidir le clár foghlama Phóil nasctha go maith lena PODA. Bhíothas in ann freisin a ghrá don cheol agus don spórt agus a spéis i ndaoine a shainaithint agus leas a bhaint as nuair a bhíothas ag ullmhú oibre ar a AFTanna.

Theastaigh leibhéal comhoibríthe ó mhúinteoirí ábhair Phóil chun a thabhairt orthu nascadh isteach sa chlár foghlama, le níos mó deiseanna ar fáil i roinnt ábhar chun na AFTanna a fhorbairt ná mar atá i roinn eile. I ranganna cumais mheasctha tharraing múinteoirí Pól isteach sa teagasc agus foghlaim an oiread ba mhó agus ab fhéidir. Bheadh sé ina chabhair mhór níos mó samplaí a bheith acu de conas AFTanna a chomhtháthú le ranganna ábhair Sraithe Sóisearaí. Tá ról an CRS ag tacú le rannpháirtíocht agus le spéis Phóil an-tábhachtach. Mar gheall ar an teagmháil laethúil idir an CRS agus múinteoirí ábhair is féidir aiseolas a fháil ar dhul chun cinn Phóil.

Bhí rannpháirtíocht tuismitheoirí an-tábhachtach le haghaidh rath an chláir. Thug tuismitheoirí Phóil tacaíocht don obair agus braitheann siad gur chuir an scoile an clár in oiriúint dó. Braitheann siad go raibh imní ar an dá thaobh ag tús na scoilbhliana ach bhí siad sásta le hiarrachtaí na scoile chun a gcomhairle a lorg. Tá siad sásta leis an éagsúlacht oibre atá ar fáil do Phóil. Dúirt siad gur aoibhinn leis rudaí nua a fhoghlaim agus baineann sé sult as bheith ag caint orthu sa bhaile.

*Thug tuismitheoirí Phóil tacaíocht don obair agus braitheann siad gur chuir an scoil an clár in oiriúint dó.*

Sa rang Eolaíochta baineann sé sult mór as na turgnaimh. Is féidir leis an trealamh a aimsiú agus a bheith ag obair i gcomhpháirt le scoláirí eile chun turgnamh a dhéanamh. Tá sé an-tógtha le meascadh ceimiceán lena mbaineann athrú datha. Agus tuairisc á scríobh ar an turgnamh, is é an tasc a bheith aige líníocht den trealamh a dhathú isteach.

Tá tuismitheoirí Phóil an-dearfach faoi gcaoi a bhfuil a mhúinín tar éis fás i mbliana. Ba thacaíocht mhór do scileanna cumarsáide agus sóisialta Phóil é clár foghlama a bheith ann lena féidir díriú ar an bhfoghlaim i réimse na cumarsáide.

Ag an am céanna braitheann siad go bhfuil an fhoghlaim dúshlánach go leor dó agus gur mó an dochar ná an tairbhe a bheadh leis. Is ábhar imní é seo don mhúinteoir acmhainne chomh maith mar, cé go bhfuil na gníomhaíochtaí laistigh de na AFTanna an-oiriúnach le haghaidh na ranganna ábhair den tsraith shóisearach sa chéad bhliain, tá imní ar an mhúinteoir gurbh féidir nach mbeadh seo amhlaidh sa dara bliain agus sa tríú bliain de réir mar a éiríonn an obair níos dúshlánaí. Don bhliain atá ag teacht, tá an scoil ag fiosrú na féidearthachta Pól a bheith ag nascadh ar bhealach níos foirmiúla leis an scoil speisialta áitiúil, mar shampla lá amháin sa tseachtain chun a bheith ag obair ar roinnt AFTanna faoi leith.

## Clár foghlama 2: Fiona (scoil speisialta)

### An Réamhrá

Is scoláire trí bliana déag í Fiona atá ag freastal ar an rannóg sraithe sóisearaí de scoil speisialta. Tá cúigear deartháireacha agus deirfiúracha níos sine ag Fiona, agus is aintín í, a gcuireann an méid a dhéanann a neachtanna agus a nianna lúcháir uirthi. Tá spéis aici i gceol, damhsa, faisean, scannáin agus réalta scannán.

Is breá léi a bheith ag snámh agus déanann sí ionadaíocht ar an scoil i gcomórtais. Tá a tinreamh ar scoil ar fheabhas.

Lasmuigh den scoil taitníonn sé léi a bheith ag bualadh lena cairde, siopadóireacht lena teaghlach agus go háirithe dul chuig ceolchoirmeacha. Feidhmíonn sí laistigh de raon deacrachtaí foghlama ginearálta measartha agus tá Siondróm Down uirthi. Is féidir le Fiona cumarsáid ó bhéal a dhéanamh go measartha maith. Fuair Fiona diagnóis dhiaibéiteas chineál 1 le déanaí agus tá sí ag foghlaim conas déileáil leis an tinneas seo. Nuair a fhágfaidh sí an scoil deir sí, “Ba mhaith liom post a fháil agus mo chuid airgid féin a shaothrú.”

*Sa scoil seo múintear comharthaíocht Lámh (teanga chomharthaíochta na hÉireann) do gach scoláire agus úsáidtear í taobh le gach cumarsáid ó bhéal laistigh den scoil ionas go bhfuil gach scoláire san áireamh agus go dtuigeann siad céard atá ar siúl.*

Cuireann an scoil speisialta a bhfreastalaíonn Fiona uirthi timpeallacht foghlama ar fáil do scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama ó mheasartha go dian agus géar orthu lena n-áirítear scoláirí a bhfuil Neamhoird Speictream an Uathachais (ASD). Chun atmaisféar den dul chun cinn a choinneáil don scoláire tá trí phríomhrannán ann, bunscoil, sraith shóisearach agus sraith shinsearach. Tá ocht scoláire sa rang sraithe sóisearaí. Clúdaíonn rang sraithe sóisearaí Fiona seacht n-ábhar: Béarla, Matamaitic, Oideachas Sláinte Sóisialta agus Pearsanta (OSSP), Eacnamaíocht Bhaile, Corpoideachais, Ceol agus Amharc-ealaín, Dearadh chomh maith le dhá thréimhse dhúbailte sa tseachtain chun a bheith páirteach i dtopaicí sa Stair, Tíreolaíocht, agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Cé gur aithníodh go bhfuil míchumas foghlama ginearálta measartha ar gach scoláire sa rang, tá éagsúlacht ina gcumais faoi leith. Mar shampla, is féidir le triúr scoláirí, Fiona san áireamh, roinnt téacs a léamh. Tá stór focal súilaithe bunúsach ag an gcúigear scoláirí eile, ach tá an léitheoireacht deacair dóibh.

Sa scoil seo múintear comharthaíocht Lámh (teanga chomharthaíochta na hÉireann) do gach scoláire agus úsáidtear í taobh le gach cumarsáid ó bhéal laistigh den scoil ionas go bhfuil gach scoláire san áireamh agus go dtuigeann siad céard atá ar siúl.

### Foghlaim phearsantaithe

In PODA Fiona sainaithnítear a láidreachtaí, riachtanais, buanna agus spéiseanna, arb iad an bonn le clár foghlama oiriúnach a dhearadh di. Trí huair sa bhliain, tagann múinteoir ranga Fiona, Fiona, a tuismitheoirí, an CRS a oibríonn lena rang-ghrúpa agus na teiripeoirí cuí (teiripeoir urlabhra agus teanga, fisiteiripeoir, agus teiripeoir saothair) chun a PODA a phlé. Tugtar achoimre sa tábla thall ar an bhfaisnéis óna PODA ina bhfuil achoimre ar a bonnlíne le haghaidh foghlama ag tús na scoilbhliana.

## Achoimre ar spriocanna in PODA Fiona

### Cumais, scileanna, buanna agus spéiseanna

- tá sí sóisialta, cairdiúil, lách agus cineálta
- taitníonn ceol agus amhránaíocht le micreafón léi
- is snámhaí maith í – rinne sí ionadaíocht ar Éirinn sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta
- is maith léi bannaí buachaillí (Boyzone), siopadóireacht, smideadh, gruaig agus ingne, éadaí, irisí faisin
- tá spéis aici i mbuachaillí agus stócach a bheith aici

### Cumarsáid

- is féidir léi comhrá a thosú agus a fhorbairt agus is féidir léi i gcónaí í féin a chur in iúl.
- is féidir léi abairtí 4-5 fhocal a chumadh, ag úsáid stór focal di is féidir léi teachtaireacht a chur in iúl
- déanann sí teagmháil súl mhaith
- bíonn sí ciúin agus cúlanta má bhíonn ceist róchasta, deir sí ‘yes’ mura bhfuil a fhios aici an freagra ar rud éigin

### Litearthacht

- is féidir léi abairtí simplí a léamh
- tá timpeall 100 focal de stór focal aici
- is féidir léi an chuid is mó d’fhocail 4 litir a léamh, ag brath an fhuaim an chéad chonsan, comhthéacs agus leideanna amhairc
- scríobhann sí go néata (bhuaigh sí comórtas náisiúnta scríbhneoireachta), is féidir léi a hainm a scríobh, bíonn sí ag streachailt lena seoladh
- is féidir léi abairtí simplí a scríobh - Is mise Fiona Ní Mhurchú. Is cailín mé.

### Uimhearthacht

- tá na huimhreacha 1-20 ar eolas aici
- is féidir léi uimhreacha aonair a shuimiú agus a bhaint, ag úsáid na huimhirlíne, is féidir léi an uair a léamh ar chlog analógach
- is féidir léi gach bonn agus €5, €10, €20 a úsáid, ach ní féidir léi airgead a úsáid go cruinn nuair atá sí ag siopadóireacht
- tá sí tosaithe ag úsáid an áireamháin le haghaidh oibríochtaí simplí mata

### Cúram pearsanta

- is féidir nach ndéarfadh sí nuair atá pian uirthi
- tá diagnóis diaibéitís faighte aici le deireanas, mar sin caithfidh sí foghlaim chun féinmhonatóireacht a

### Cónaí i bpobal

- baineann sí sult as bainiseacha teaghlaigh, cóisirí agus dioscónna áitiúla, in amanna tugann sí barróg do dhaoine go míchuí
- is féidir nach gcuirfidh sí in iúl a mothúcháin nó a riachtanais go himleor

### Ullmhú don obair

- Ba mhaith le Fiona post a fháil agus a cuid airgid féin a shaothrú, ní féidir léi taisteal go neamhspleách isteach chun an bhaile mhóir

Glactar cur chuige comhoibríoch chun clár foghlama Fiona a phleanáil, a fhorbairt agus a mheas agus is é múinteoir Fiona atá i gceannas air seo. Bunaithe ar a riachtanais agus a láidreachtaí roghnaítear na gnéithe seo a leanas ó na AFTanna a bheith ar na cinn is ábhartha do Fiona.

### Achoimre ar Chlár Foghlama Fiona

Aonaid Tosaíochta Foghlama	Gnéithe	Ábhair na sraithe sóisearaí/ gníomhaíochtaí scoile
Cumarsáid agus litearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil</li> <li>Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl</li> </ul>	Béarla agus gach ábhar
Uimhearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feasacht faoi am a fhorbairt</li> </ul>	Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, agus gach ábhar
Cúram pearsanta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt</li> </ul>	Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, gach ábhar
Cónaí i bpobal	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cúnamh agus comhairle a lorg</li> </ul>	OSPS, gach ábhar, obair le haltra na scoile
Ullmhú don obair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fáil amach faoin obair</li> </ul>	Eacnamaíocht Bhaile agus Tíreolaíocht

## Teagasc agus foghlaim

### Difreáil

Tarlaíonn an chuid is mó d'eispéiris foghlama Fiona ar scoil laistigh dá bunseomra ranga, mar ar féidir le scoláirí a bheith ag obair mar rang iomlán, i ngrúpaí beaga, duine le duine, agus go neamhspleách, de réir mar is cuí dá bhfoghlaim ag aon am faoi leith. Is iad a spéiseanna agus a buanna an bonn le cuid mhór dá heispéiris foghlama bheartaithe.

Feictear do thuismitheoirí, múinteoirí agus teiripeoirí Fiona go dtugann struchtúir amhairc cabhair agus tacaíocht di ina foghlaim, mar sin déantar iad seo a chomhtháthú sa teagasc do Fiona. Is fearr cuir chuige atá struchtúrtha agus céimnithe go cúramach di chun a foghlaim a optamú.

### TCF a úsáid

Úsáidtear TFC chun tacú le feidhmiú eispéiris foghlama breise agus iad a chur ar fáil, agus tá sé úsáideach go háirithe do Fiona, de bhrí go bhfuil sé an-fhísiúil, agus ilchéadfach. Tugtar leis seo neamhspleáchas agus rogha di ina gníomhaíochtaí foghlama agus tacaítear le comhoibriú lena comhscoláirí ranga.

### Foghlaim a aistriú

Cé go sanntar 30 nóiméad le haghaidh gach ábhair, sainithníonn múinteoir ranga Fiona a lán deiseanna foghlama minice i rith an lae scoile, pleanálann sé lena n-aghaidh, agus baineann sé tairbhe astu chun foghlaim a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm di agus dá comhscoláirí ranga ar fud an churaclaim. Déantar feidhmeanna foghlama eile a éascú trí gníomhaíochtaí sa scoil agus lasmuigh den scoil, amhail siopa na scoile a úsáid go rialta (go seachtainiúil go minic), ollmhargaí áitiúla, linn snámha, leabharlann, ionaid ghairdín agus caifé áitiúil a úsáid. Is deis foghlama bhreise taithe agus rath Fiona i suíomh mórfhobail na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, lena dtugtar comhthéacsanna éagsúla chun a AFTanna a chur i bhfeidhm.

### Foghlaim a nascadh leis an mórfhobal

Cuireann scoil Fiona fáilte roimh theagmháil leis an bpobal máguaird. Is bealaí leanúnacha le haghaidh for-rochtana iad laethanta oscailte, imeachtaí ceiliúrtha, cuairteanna amuigh, turais, agus spórt Tá an-bhaint ag an scoil le scoláirí a ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Le blianta beaga anuas tá nasc curtha ar bun ag an scoil seo le hiar-bhunscoil áitiúil, ina mbíonn a scoláirí idirbhliana páirteach i gcuid d'imeachtaí na scoile speisialta le linn cuairteanna seachtainiúla beartaithe. Ansin tugann rang Fiona cuairt ar an iar-bhunscoil chun comhoibriú i ngníomhaíocht idirbhliana – anuraidh rinne siad déantán i rang Teicneolaíochta Ábhair (Adhmad), agus i mbliana tá siad páirteach i gclár ceoil, ag breathnú ar amhránaíocht agus rithim.

Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fiona

## Uimhearthacht

### Gné:

### Feasacht ar am a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Pléitear go díreach le ham a theagasc agus a fhoghlaim ar cheathrú tar éis agus go dtí agus leathuair sa rang Matamaitice, agus go neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile. Tá foghlaim an ama nasctha le codáin, cruthanna ciorclacha agus eile a fhilleadh ina leath agus ina gceathrú, agus na línte fillte a rianú. Nasctar na línte fillte ansin le suíomhanna na lámh ar aghaidh an chloig. Foghlaimíonn an scoláire conas na lámha a choigeartú de réir a bhfillte. Tá clog ceart i ngach seomra ranga, agus úsáideann an múinteoir aghaidheanna analógacha móra agus beaga chun cabhrú leis an scoláire ina fhoghlaim. Tosaíonn tionól ag 9.30am gach lá, tosaíonn roinnt ranganna ar cheathrú go dtí an uair agus tarraingítear aird an scoláire ar na hamanna seo. Tá clog mór analógach sa seomra bia, agus tarraingítear aird Fiona air seo go laethúil. Nascann sé seo le hEacnamaíocht Bhaile freisin

– arán rósta a ghearradh ina dhá leath, agus císte nó píotsa a roinnt ina gceathrúna. Tá aithint amanna tosaigh agus amanna oscailte i gceist le turais chun na pictiúrlainne nó go dtí an banc.

Cuirtear ar fáil leo seo freisin an deis chun machnamh a dhéanamh ar cá fhad a thógfaidh an turas agus amanna imeachta agus fillte. Is ábhar mór spéise do Fiona a hamanna snámha, agus taifid orthu seo, ag tabhairt faoi deara difríochtaí feidhmíochta ó shnámh amháin agus an chéad cheann eile, agus cabhraíonn sin léi coincheap agaí éagsúla a fhorbairt. Tugtar deiseanna eile di foghlaim faoi am trí sceideal teilifíse na sraitheanna is fearr léi a leanúint.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fiona

### Cúram Pearsanta

#### Gné:

#### Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tacaíonn snámh seachtainiúil agus gníomhaíochtaí eile foirne agus aonair lena comhscoláirí le linn Corpoideachais le dea-roghanna maireachtála freisin. Le linn Corpoideachais coinníonn an rang dialann aclaíochta, agus spreagtar an scoláire aclaíocht a dhéanann siad lasmuigh den rang Corpoideachais a chur san áireamh. Tá an scoil páirteach i sraith Idirscoileanna agus mar sin tá deiseanna ann imirt le foirne agus scoileanna eile. Le súgradh agus aclaíocht ama lóin tugtar tuilleadh deiseanna.

#### A staid mhothúcháinach agus fhisiceach a chur in iúl

Le scéalta sóisialta, rólímirtí agus cártaí leide pictiúir le linn rang OSPS cuirtear ar a cumas do Fiona a mothúcháin a chur in iúl, idir fhisiceach agus mhothúcháinach. Cuireann an múinteoir OSPS ceisteanna ar nós ‘Cad a dhéanann tú más rud é...?’ Cothaítear deiseanna chun a mothúcháin fhisiceacha agus mhothúcháin a chur in iúl i rith na lae scoile.

#### Folláine Fiona

Le cabhair altra na scoile, a úsáideann seicheamh pictiúrtha agus rólímirt, tá Fiona ag foghlaim conas a leibhéil siúcra a thástáil. Nuair is gá téann sí go dtí seomra an altra agus iarrann sí a fearas monatóireachta diaibéitís agus le tacaíocht tástálann sí a leibhéil féin glúcóis, ag foghlaim thábhacht an toraidh.

#### Bia shláintiúil

Sa rang Eacnamaíochta Baile Déardaoin pléitear go sonrach le bia sláintiúil. Anseo foghlaimíonn Fiona faoi dhea-roghanna bia, conas bia a ullmhú, oideas céim ar chéim a leanúint, mar shampla, maidir le hispíní a ghríosadh – dul chun an tsiopa chun iad a cheannach, an dáta a sheiceáil, na hispíní a chur sa chuisneoir a fhad is a ullmhaíonn chun a bheith ag cócaireacht agus mar sin de. Sa cheaintín ag an gclub bricfeasta agus ag am lóin, tá deiseanna ag Fiona a cuid foghlama faoi bhia sláintiúil a aistriú, agus tugtar tacaíocht di maidir le roghanna faoi bhia sláintiúil a dhéanamh.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fiona

# Ag Cónaí i bPobal

## Gné: Cúnamh agus comhairle a lorg

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Cé go bhfiosraítear an réimse seo sa siollabas OSPS le go leor topaicí, lena n-áirítear ‘scileanna Cumarsáide’, ‘Cairdeas, caidrimh agus gnéasacht’, agus ‘Sláinte mhothúcháin’, cuirtear deiseanna le cabhair agus tacaíocht a lorg i ngach réimse curaclaim agus eispéireas scoile. Sa rang OSPS is minic a úsáidtear modhanna mar scéalta sóisialta agus rólímirt chun foghlaim a éascú sa réimse seo. Áirítear orthu sin éagsúlacht leathan cásanna a tharlaíonn laistigh agus lasmuigh den scoil. Spreagtar leis na himeachtaí seo plé saibhir ar roghanna atá ag duine i gcásanna, tacaíocht a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil ó dhuine agus conas déileáil leo. Úsáidtear réimse ceisteanna spreagtha sa phlé, ‘Cad a dhéanfa dá mba rud é...?’

**Múinteoir:** Cad a dhéanfa dá mbeifeá cailte in G Stores?

**Fiona:** Coinnigh guaim ort féin, cuir ceist ar bhall den fhoireann.

**Múinteoir:** Conas a d’aithneofa ball den fhoireann?

Is fíorchás i saol Fiona é bainistíocht a diaibéitis, cabhair a lorg chun monatóireacht a dhéanamh ar a leibhéil ghlúcóis.

Sa dara téarma is cabhair do Fiona iad scéalta sóisialta, rólímirtí agus cártaí leide pictiúir le linn an ranga OSPS chun a mothúcháin, idir fhisiceach agus mhothúcháin, a chur in iúl. Cuireann an múinteoir OSPS ceisteanna ar nós ‘Cad a dhéanann tú más rud é...?’ Cothaítear deiseanna chun a mothúcháin fhisiceacha agus mhothúcháin a chur in iúl i rith na lae scoile.



## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fiona

# Ag Ullmhú don Obair

## Gné: Fáil amach faoin obair

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama simplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Le linn na scoilbhliana tugann Fiona agus a rang cuairt ar ionaid éagsúla bhreisoideachais agus ghairmoideachais. Ó na cuairteanna seo féadfaidh scoláirí roghanna breisoideachais a roghnú don am a bhfágfaidh siad scoil. Is é is dócha go dteastóidh sé ó Fiona a bheith ábalta bus a fháil isteach chun an bhaile mhóir le taisteal chun na hoibre. Mar sin tá ullmhúcháin tosaithe, trí obair léarscáile, plé ar shainchomharthaí sa rang Tíreolaíochta, le turais isteach chun an bhaile mhóir ina dhiaidh sin. Sa rang taispeántar do Fiona an bealach go dtí oifig an phoist ar léarscáil, a aibhsíonn sí, ag tabhairt faoi deara na príomh-shainchomharthaí – mar shampla, soilse tráchta nó siopa faoi leith.

Tógann an scoláire pictiúir dhigiteacha den bhealach agus na príomh-shainchomharthaí ón stad bus go dtí oifig an phoist. Nuair a thagann siad ar ais ar scoil déantar iad seo a phriontáil, agus cuirtear iad lena léarscáileanna, ar féidir iad a úsáid ar an gcéad turas eile. Thar thréimhse ama, ar an gcaoi seo, foghlaimeoidh Fiona a bealach a aimsiú go dtí áiseanna éagsúla sa bhaile mór, m.sh. an leabharlann áitiúil, an linn snámha.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Fiona

# Cumarsáid agus Litearthacht

## Gné:

### Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Léann Fiona sraith de ghearrscéalta a fhorbraíonn a haitheantas agus a tuiscint focal. Is féidir léi a cur síos ar ar tharla sa scéal trí phictiúir a úsáid mar leideanna. In amanna tarraingíonn sí pictiúir chun a chur in iúl conas atá scéal ag dul. Úsáidtear spéis Fiona i scannáin agus réalta scannán chun ábhair léitheoireachta a chur ar fáil di. Bailíonn Fiona gearrtháin irise de phictiúir ábhartha mar chuid de thionscadal ar na hamhránaithe nó réaltaí scannán is fearr léi. Úsáidtear iad freisin chun breathnú ar tháirgí fógartha éagsúla, agus an chaoi a n-úsáidtear iad.

Sa scoil is comharthaí agus siombailí idirnáisiúnta iad na siombailí go léir le haghaidh leithreas, dóiteáin agus bealaí amach, agus taispeántar iad os cionn na ndoirse ábhartha nó orthu. Sa rang meaitseálann Fiona na comharthaí leis na focail a théann leo agus míníonn cad a chiallaíonn siad, ag úsáid réimse pictiúr.

## Gné:

### Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Téann Fiona go dtí an banc lena comhscóláirí agus líonann siad roinnt foirmeacha folmha, m.sh. airgead a chur i dtaisce nó a tharraingt as a gcuntais. Le linn an ranga Bhéarla ar scoil foghlaimíonn Fiona an leagan amach le haghaidh seoltaí ar chlúdaigh litreach agus cártaí poist. Cuireann an rang-ghrúpa seoltaí ar chlúdaigh litreach le haghaidh cártaí breithlae agus Nollag. I measc gníomhaíochtaí eile tá teachtaireachtaí gairide a scríobh ar chártaí poist chuig baill teaghlaigh agus áirithint ar líne a dhéanamh le haghaidh ceolchoirm ar mian léi freastal uirthi, foirm iontrála le haghaidh comórtas, amhail an comórtas idir scoile peannaireachta, nó iontráil ar a himeachtaí sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Tá gníomhaíochtaí eile bunaithe freisin ar chlár léitheoireachta Fiona. Tugann sí faoi go leor tascanna scríbhneoireachta, ag úsáid bogearraí cúnta a tháirgtear ar bhonn tráchtála.

De bhrí go bhfuil an-dúil ag Fiona i gceoltóirí agus réaltaí scannán, tugtar leo seo comhthéacsanna saibhre le haghaidh cumarsáid scríofa phearsanta, ag úsáid pictiúir dhigiteacha, ailt irise agus pictiúir. Is spreagadh breise é le haghaidh cuid de scríbhneoireacht Fiona breathnú ar scannán lena rang-ghrúpa.

#### Éacht a aithint

Pléann Fiona agus a múinteoir a smaointe ar conas a d'fhéadfadh sí dul chun cinn a dhéanamh. Mar thús tosaíonn siad ag seiceáil sprioc a foghlama agus conas a bhaintear amach an sprioc sin lena cuid oibre. Spreagtar féinmheasúnú, go príomha trí sheisiúin cheiste agus freagra, amhail:

#### Príomhthascanna/ gníomhaíochtaí measúnaithe i gcomhair fianaise ar fhoghlaim

Pléann Fiona agus a múinteoir a smaointe ar conas a d'fhéadfadh sí dul chun cinn a dhéanamh. Mar thús tosaíonn siad ag seiceáil sprioc a foghlama agus conas a bhaintear amach an sprioc sin lena cuid oibre. Spreagtar féinmheasúnú, go príomha trí sheisiúin cheiste agus freagra, amhail:

*Conas a d'éirigh leat, dar leat? Cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh an chéad uair eile?*

Is breá le Fiona aiseolas agus spreagadh a fháil agus tuairim ar chonas atá ag éirí léi. Is ábhar mór bróid di a punann oibre atá ag méadú de réir a chéile, agus taitníonn sé léi a cuid oibre críochnaithe a thaispeáint ag seisiúin athbhreithnithe agus ar ócáidí eile. Tá deis ag tuismitheoirí Fiona breathnú ar a punann le linn chruinnithe PODA agus tuismitheoirí is múinteoirí. Déantar a dul chun cinn ar an gclár léitheoireachta ríomhchuidithe le haghaidh gach rannán atá curtha i gcrích a rianú i gcairt, atá Fiona ábalta a rochtain agus a mhíniú. Is féidir léi cleachtaí agus tascanna a mhionathrú agus a chur isteach arís, ag feiceáil di féin an dul chun cinn atá á dhéanamh aici, nó ag aimsiú cén áit a bhfuil an botún agus é a chur ina cheart. Tá Fiona ag foghlaim cairteacha an altra ar a diaibéiteas a léirmhíniú, agus tá méadú ag teacht ar a feasacht ar thábhacht a torthaí.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

Tugtar le clár foghlama Fiona struchtúr agus modh chun tabhairt faoina riachtanais agus láidreachtaí ar a dtugtar achoimre ina PODA. Déantar a clár foghlama agus PODA a athbheithniú ar thimthriall míosúil trí thuairiscí míosúla a múinteora. Cé go dtugtar faoi riachtanais aonair Fiona sa chlár foghlama, tá a lán de na gníomhaíochtaí chun na ATFanna a fhorbairt oiriúnach dá rang freisin. Faoi láthair tá Fiona agus a comhscoláirí ranga ag obair i dtreo Theastas QQI i bhFoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal 2. Chuir cuid mhór den obair a chlúdaítear in ATFanna Fiona le baint amach na dámhachtana QQI Leibhéal 2 seo.

*De bhrí go bhfuil múinteoirí éagsúla i saol scoile Fiona atreisítear an smaoineamh go bhfuil sí ag déanamh an rud céanna lena comhscoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha.*

Tá a lán neamhspleáchais faighte ag Fiona ó thosaigh sí ar a clár foghlama. Go háirithe tá a cumas a bealach a aimsiú timpeall an bhaile feabhsaithe go mór.

Tá Fiona anois níos fearr ag lorg cabhrach chun a leibhéal siúcra a bhainistiú. Nascadh tríd an gclár foghlama foghlaim Fiona lena saol féin ar bhealach an-soiléir.

Chun clár foghlama Fiona a fheabhsú bheadh sé go hiontach múinteoir a fháil chun Theicneolaíocht Adhmaid a theagasc agus bheadh múinteoir Corpoideachais tairbheach freisin. Thabharfadh múinteoirí sainábhair réimse níos leithne deiseanna do Fiona agus a comhscoláirí ranga chun na gnéithe laistigh de na ATFanna a fhorbairt.

De bhrí go bhfuil múinteoirí éagsúla i saol scoile Fiona atreisítear an smaoineamh go bhfuil sí ag déanamh an rud céanna lena comhscoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha.

## Clár foghlama: Seán (iar-bhunscoil)

### An Réamhrá

Tá Seán 15 bliana d'aois, agus tá sé ag feidhmiú laistigh den raon míchumas foghlama ginearálta measartha Is ball den Lucht Siúil é agus tá cónaí air lena sheanmháthair ar thaobh a athar agus beirt siblíne eile. Is gairmscoil chomhoideachais DEIS faoin tuath í scoil Sheáin nach bhfuil ach 200 scoláire eile inti. Tairgeann an scoil an Teastas Sóisearach, Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí (JCSP), an Ardeistiméireacht, an Ardeistiméireacht Fheidhmeach agus cúrsaí iar-Ardeistiméireachta.

Eagraíonn an scoil na rang-ghrúpaí i suíomhanna cumais mheasctha. Tá Seán sa dara bliain i rang ina bhfuil 24 scoláire. Tá a rang ag leanúint raon d'ábhair den tSraith Shóisearach, tá siad ag glacadh páirte sa JCSP. Chun tacú le foghlaim Sheáin tá ríomhaire glúine agus bogearraí aige.

*Tá a rang ag leanúint raon d'ábhair den tSraith Shóisearach, tá siad ag glacadh páirte sa JCSP. Chun tacú le foghlaim Sheáin tá ríomhaire glúine agus bogearraí aige.*


### Tá clár ama Sheáin difreálaithe


Leasaigh an múinteoir acmhainne clár ama an dara bliain chun teagasc agus foghlaim ATFanna Sheáin a chomhtháthú.

Is é an aidhm atá ann a bheith ag obair laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, chun aistarraingt a sheachaint an oiread agus is féidir agus chun foghlaim Sheáin a uasmhéadú laistigh dá bhliainghrúpa. De bhrí go bhfuil díolúine ón nGaeilge ag Seán, le linn ranganna Gaeilge buaileann sé lena mhúinteoir acmhainne agus a CRS chun a dhul chun cinn, fadhbanna a tháinig chun cinn agus réitigh fhéideartha a phlé agus chun an tseachtain dár gcionn a phleanáil. Úsáidtear an t-am seo le haghaidh teagasc duine le duine ina ATFanna. Baintear úsáid as slótán ama saor eile le haghaidh cuairteanna amach ón scoil chun an bhaile mhóir, le haghaidh siopadóireachta nó gníomhaíochtaí curaclaim gaolmhara eile. Seachas sin tarlaíonn foghlaim Sheáin sa phríomhsheomra ranga lena chomhscoláirí. Úsáidtear an slótán don léann Éireannach/cultúrtha tráthnóna eile le haghaidh seisiún beag grúpa le triúr scoláirí eile a bhfuil díolúine ón nGaeilge acusan freisin, mar a ndírítear ar an léann áitiúil agus cultúrtha.

## Foghlaim phearsantaithe

Tríd an bpróiseas PODA, sainnítear láidreachtaí agus dúshláin foghlama Sheáin agus is iad seo an bonn eolais le haghaidh ATFanna a roghnú le haghaidh a chlár foghlama. Leagtar amach príomhláidreachtaí agus dúshláin foghlama Sheáin, mar a gcuirtear síos orthu ina PODA, sa ghrafaic thíos.





## Achoimre ar Chlár Foghlama Sheáin

Glactar cur chuige comhoibríoch i leith clár foghlama Sheáin a dhearadh, lena n-áirítear an múinteoir acmhainne, a CRS agus baill foirne eile atá ag obair leis.

Aonaid Tosaíochta Foghlama	Gnéithe	Ábhair na sraithe sóisearaí/ gníomhaíochtaí scoile
Cumarsáid agus litearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil</li> <li>Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl</li> </ul>	Béarla agus gach ábhar
Uimhearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feasacht faoi am a fhorbairt</li> </ul>	Matamaitic, Staidéar Gnó
Cúram pearsanta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt</li> </ul>	Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, Eolaíocht, OSSP
Cónaí i bpobal	<ul style="list-style-type: none"> <li>Áiseanna áitiúla a úsáid</li> </ul>	Gach ábhar, Córas páirtíochta <i>Meitheal</i>
Ullmhú don obair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feasacht faoi shláinte agus sábháilteacht a fhorbairt maidir le trealamh a úsáid</li> </ul>	Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Eacnamaíocht Bhaile



## Comhoibriú

Tá de thréith ag an scoil go bhfuil béim ar chomhoibriú, faoi cheannas an phríomhoide agus na foirne bainistíochta, an chomhordaitheora um riachtanais speisialta oideachais agus ranna ábhair.

Buailann an múinteoir acmhainne le gach múinteoir ábhair chun impleachtaí ATFanna Sheáin dá n-ábhar a phlé, agus conas is fearr is féidir foghlaim Sheáin a éascú. Tá siad ar aon fhocal maidir le punann oibre a thógáil agus a choinneáil dó.

Tá cuairteanna ar a bhaile teaghlaigh ina bhonn eolais freisin do phleanáil agus d'athbhreithniú a bhaineann le clár foghlama Sheáin. Tá teaghlach Sheáin agus an múinteoir acmhainne ar aon fhocal agus geallann siad leanúint ar aghaidh le cumarsáid chun foghlaim Sheáin a atreisiú agus tacú léi ar scoil, trí chuireanna chun na scoile agus ón scoil, fón, téacsanna, agus trí dhialann foghlama Sheáin.

Ar scoil, tugann a mhúinteoirí Béarla eiseamláir maidir le comhoibriú. Tá bliainghrúpa Sheáin roinnte in dhá rang Béarla. Oibríonn an bheirt mhúinteoirí go han-dlúth le chéile ar a gclár ábhar, agus comhoibríonn siad chun imeachtaí a eagrú le haghaidh staidéar scannán, nó nuair a thagann scéalaí nó file ar cuairt. Tá comhoibriú i measc chohórt na scoláirí freisin. Reáchtálann scoil Sheáin clár freagrachta piaraí, amhail Chlár an Dearthár Mhóir / na Deirfiúr Móire (BBBS) agus léitheoireacht beirte.

Tá naisc dhea-fhorbartha ag an scoil freisin le seirbhísí eile arna gcur ar fáil ag an gCoiste Gairmoideachais, lena n-áirítear éascú dul chun cinn go clár oideachais bhunúsaigh, YouthReach agus scéimeanna VTOS.

## Teagasc agus foghlaim

### Foghlaim a nascadh leis an mórfhobal

Is féidir mar gheall ar chlár ama Sheáin dhá thuras amach as an scoil a dhéanamh sa tseachtain. Téann a mhúinteoir, CRS agus a ghrúpa beag comhscoláirí go suíomhanna áitiúla ina bhfuil foghlaim fhéideartha, amhail an banc agus oifig an phoist. De bhrí go bhfuil a scoil i suíomh uirbeach tá a lán deiseanna ann le haghaidh comharthaí agus siombailí foghlama chun iompar maith agus cuí a eiseamláiriú i suíomhanna éagsúla. D'áireofaí ar shamplaí de seo dul ag siopadóireacht le haghaidh adhmaid dá thionscadal adhmaadóireachta agus dul go dtí an reilig áitiúil le foghlaim faoi stair áitiúil. I measc naisc eile leis an bpobal áitiúil tá cuairteanna isteach ó phearsanra d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó aíonna a labhraíonn le scoláirí ar oíche na ngradam. Táthar ag díriú ar bhonn leanúnach sa scoil ar oidhreacht chultúrtha Sheáin mar bhall den Lucht Siúil, agus déantar é seo a chothú freisin trí idirghabhálacha eagraithe do scoláirí den Lucht Siúil go háitiúil.

### Ábhair ina bhfuil TCF lárnach

Sa Staidéar Gnó, úsáideann Seán áireamhán nuair atá sé ag obair le huimhreacha. Déanann múinteoir Sheáin fótachóip de bhuiséid agus billí simplithe ón fhíorshaol. Le tacaíocht, léann Seán an buiséad nó bille agus ansin úsáideann sé an t-áireamhán chun a bheith ag obair leis na figiúirí. Sa Mhatamaitic úsáideann sé a áireamhán beagnach gach lá. Imríonn Seán agus a chomhscoláirí freisin cluichí gairide ar an idirlíon chun topaicí a theagasctar a atreisiú. Bíonn spraoi ag baint le foghlaim mar gheall air seo freisin, mar is maith le Seán a bheith ag obair ar an ríomhaire agus is rud é atá níos éasca dó ná scríbhneoireacht.

Úsáideann sé cluiche ríomhaire matamaitice freisin, cinn a tháirgtear ar bhonn trádála agus íoslódálacha saor in aisce ón idirlíon.

## TFC

Úsáideann Seán a ríomhaire glúine nuair a bhíonn sé ag obair ar a thionscadail éagsúla agus nuair a úsáideann sé a bhogearraí oideachais i ranganna ábhair éagsúla. Úsáideann sé clódóir agus scanóir agus an t-idirlíon freisin chun foghlaim sna ranganna Ceoil, Béarla, Matamaitice agus Staidéir Gnó.

Freastalaíonn Seán ar a rang TCF atá ar a chlár ama uair sa tseachtain leis an gcuid eile dá 24 comhscóláire. San áireamh in ábhar an ranga tá foghlaim maidir le conas clóscríobh, a atreisiú scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TCF. Baineann Seán sult as TCF agus bhí sé eolach cheana féin ar chuid de na cruia-earraí agus bogearraí oideachasúla óna thréimhse sa bhunscóil. Oibríonn sé ar an ábhar ranga céanna lena chomhscóláirí ach oibríonn sé ar luas níos moille. Tá Seán ag feabhsú a litearthachta le clár ina n-úsáidtear bogearra saor in aisce ar líne. Sanntar do Sheán áit sa phlean suíochán ranga. Caithfidh sé a ríomhaire a chur ar siúl, ligean don chlár frithviris rith, a fhillteán a aimsiú, a fhillteán a oscailt, an ceacht a leanúint, a chuid oibre a shábháil agus a ríomhaire a dhúnadh síos mar is ceart. Foghlaimíonn Seán an nós imeachta cuí trí na céimeanna céanna a leanúint i ngach rang.

Úsáideann sé freisin próiseáil focal i réimse de thionscadail ghairide, mar shampla, dhear sé fógra chun cuid dá choileáin a dhíol. Is breá leis an t-idirlíon a úsáid chun íomhánna de mhadraí a lorg agus iarrann sé ar an múinteoir nó ar phiara an téacs a théann leo a léamh. Aimsíonn sé íomhánna de mhadraí ar an ngréasán agus greamaíonn sé iad isteach in Microsoft Word. Déantar na pictiúir ansin a chumasc le stór focal bunúsach coitianta. Baineann Seán sult as na leathanaigh a phriontáil agus iad a thabhairt abhaile chun iad a thaispeáint dá theaghlach.

Áirítear ar a rannpháirtíocht leis an teicneolaíocht freisin innill níocháin, micreathonnáin, agus oighinn a úsáid, a chostar go léir ar Sheán agus a úsáideann sé arís agus arís eile san Eacnamaíocht Bhaile. Baineann Seán úsáid as an teicneolaíocht seo sa bhaile freisin. Ar a thuais amach lena mhúinteoirí nó lena theaghlach bíonn an deis ag Seán teicneolaíocht eile a úsáid, ATM mar shampla.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Uimhearthacht

## Gné: Feasacht ar uimhreas a fhorbairt

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Úsáideann Seán cearnóg an 100 chun cabhrú leis uimhreacha suas le 100 a aithint. Iompaíonn sé a chuid uimhreacha droim ar ais in amanna, mar sin déanann sé cleachtadh agus déanann sé iarracht breith air féin agus é féin a cheartú trí uimhreacha atá ar iarraidh a líonadh isteach i gcearnóga 100 a bhfuil roinnt bearnaí iontu. Is féidir le Seán uimhreacha suas le deich a chur ar pháipéar agus úsáideann sé áireamhán le haghaidh uimhreacha móra. Tarraingíonn Seán uimhirlíne agus úsáideann sé í le haghaidh baint agus suimiú. Cleachtann sé an méid atá foghlamtha aige ag úsáid bogearraí agus íoslódálann a mhúinteoir roinnt cluichí matamaitice agus bileoga oibre le haghaidh nascadh uimhreacha dó féin agus dá chomhscoláirí. Bíonn leibhéil inathraitheach, mar sin is féidir le Seán a bheith ag obair ag leibhéal cuí a fhad is go mbíonn a chomhscoláirí ag obair ar a gcinn féin.

Tá airgead san áireamh sa réimse seo, amhail aithint boinn agus nóta de réir uimhreach agus eile, sóinseáil a ríomh, taighde a dhéanamh ar chostas coileán etc.

### Foghlaim a aistriú

Is iomaí deis ar fud an churaclaim le haghaidh foghlaim a chur i bhfeidhm agus a aistriú maidir le cainníocht agus uimhreas, lena n-áirítear na hábhair Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Eolaíocht agus Staidéar Gnó.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Cumarsáid agus Litearthacht

## Gné: Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Baineann Seán tairbhe as modhanna múinteoireachta stáitsithe, athráiteacha, comhsheasmhacha agus struchtúrtha leabaithe i gcomhthéacsanna san fhíorshaol ar spéis leis iad. Bíonn deis ag Seán leabhar a roghnú ar an lá léitheoireachta sa rang Béarla. Léann an múinteoir an teideal ar dtús agus iarrtar ar Sheán ansin cad é a cheapann sé a bhfuil an leabhar faoi. Spreagann pictiúir ar an gclúdach comhrá. Le linn léitheoireachta, breathnaíonn an múinteoir agus Seán ar na pictiúir ar dtús agus ansin léann siad an téacs. Cuirtear béim in amanna ar fhocail a theastaíonn ó Sheán ina shaol laethúil, ach is é léamh le haghaidh pléisiúr an phríomhaidhm. Tá na leabhair sa seomra Béarla an-spéisiúil ach tá aois léitheoireachta íseal ag baint leo. Leantar an próiseas céanna do Sheán i gclár léitheoireachta beirte, le saoráláí ar scoláire sinsearach é. Léann a aintín agus a dheirfiúr roinnt leabhar bunúsach a thógann sé ar iasacht ón scoil. Úsáideann cuid mhór de mhúinteoirí Sheáin cur chuige a bhaineann le príomhfhocail, ag réamhtheagasc focail thábhachtacha. Úsáideann Seán leabharmharc ar a bhfuil príomhfhocail, agus cuireann an múinteoir iad ar phóstaer balla.

## Gné: Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tá Seán ag díriú ar stór focal bunúsach laethúil ó liosta Dolch de stór focal bunúsach súilaithe, chomh maith le focail fheidhmiúla a bhfuil sé eolach orthu cheana féin. Is acmhainní úsáideacha do Sheán iad foirmeacha iarratais don tástáil tiomána, foirmeacha cánach agus bainc, chun a fhoghlaim conas a ainm, seoladh agus dáta breithe a scríobh, agus chun cabhrú lena chur amach ar dhoiciméid san fhíorshaol. Má dhéantar gníomhaíochtaí amhail seoladh a chur ar chlúdaigh litreach agus cártaí poist agus cártaí beannachta arís agus arís eile atreisítear a fhoghlaim. Úsáideann Seán a ríomhaire glúine ar bhonn laethúil. Le bogearraí cunta scríbhneoireachta a tháirgtear ar bhonn trádála, a labhraíonn an téacs de réir mar a scríobhann sé, cabhraítear leis scríobh agus freagairt ar thascanna dá rogha féin, agus de réir mar a threoraíonn a mhúinteoirí dó. Úsáideann Seán a ríomhaire glúine i rith an lae scoile.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

### Cónaí i bpobal

#### Gné: Áiseanna áitiúla a úsáid

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama simplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tá Seán mar chuid de go leor pobal, lena n-áirítear a theaghlach, an pobal áitiúil, pobal na scoile agus an Lucht Siúil. Glacann sé páirt i gclár meantóireachta atá á reáchtáil ag an scoil - na Deartháireacha Móra / Deirfiúracha Móra (BBBS), mar a gcuirtear scoláire sinsearach le meantaí sa chéad bhliain nó sa dara bliain. Pléitear aidhmeanna an chláir meantóireachta ag agallamh – ina measc seo bhí cuid de chuspóirí sóisialta agus cumarsáide Sheáin. A luaithe is a roghnaítear na meantóirí buaileann na meantóirí agus na meantaithe le chéile uair sa tseachtain le haghaidh lóin faoi mhaoriseacht ag éascaitheoir BBBS agus múinteoir. Déanann Seán agus a mheantóir lón, suíonn siad, itheann siad agus bíonn siad ag caint. Le chéile ansin imríonn siad cluichí m.sh. cártaí, cluiche boird nó éisteann siad le ceol le meantóirí agus meantaithe eile. Eiseamláiríonn meantóir Sheáin iompar cúí sa ghrúpa. Trína chairdeas uathúil le Seán, tá a mheantóir ábalta comhairle a chur air maidir le conas é féin a iompar agus comhairle a chur air go discrétideach maidir le hiompar míchuí.

Ba ghnách le seanathair Sheáin carbháin thraidisiúnta a dhéanamh. Tar éis plé mionsonraithe sa rang lorg Seán agus a chomhscóláirí carbháin thraidisiúnta de chuid an Luchta Siúil ar an idirlíon, chóipeáil siad pictiúir, agus chruthaigh siad líníocht, ag úsáid na bpictiúir mar shamhlacha.

Is maith le Seán líníocht mar chaitheamh aimsire chomh maith lena dhéanamh ina rang Ealaíne, Ceardaíochta agus Deartha. Ar an gcaoi seo tá a rannpháirtíocht sa phobal comhcheangailte le gníomhaíocht phléisiúrtha, chruthaitheach, fóillíochta.

Cuirtear a shaothar ealaíne ar taispeántas go rialta, taobh le saothar a chomhscóláirí sa seomra ealaíne. Cuireadh ar taispeánta a dhéantáin agus tugadh aitheantas dóibh sa rang Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

Mar chuid den léann Éireannach/cultúrtha téann Seán agus a chomhscóláirí ar cuairt go dtí an reilig áitiúil. Ansin léann siad ainmneacha ó na tuamaí, agus insíonn siad scéalta bunaithe ar dhaoine atá curtha ansin. Is breá le Seán scéalta a aithris agus tugann na turais seo deis lena aghaidh seo. Uaireanta imreoidh Seán nó duine de na daoine eile rólímirt, m.sh. turasóir, ag cur ceisteanna faoi theaghlach agus áiteanna, agus ag éisteacht leis na freagraí.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Cúram Pearsanta

## Gné: Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Cuirtear béim ar bhia sláintiúil in Eacnamaíocht Bhaile go háirithe. Déanann Seán cócaireacht agus ullmhaíonn sé béilí simplí lena pháirtí oibre. Úsáideann an múinteoir biachlár shimplí a léann Seán lena cuidiú. Spreagtar Seán le bheith ag cócaireacht sa bhaile freisin. Sa chorpóideachas foghlaimíonn Seán conas stíl maireachtála fholláin a chur i bhfeidhm. Bíonn an chuid is mó de na ranganna corpoideachais amuigh faoin aer. Glacann Seán páirt sa rang lena chomhscoláirí, ach uaireanta déanann sé dearmad ar a threalamh. Réitítear seo le glaonna abhaile mar mheabhrú de ghnáth. Laethanta fliucha comhtháthaíonn a mhúinteoir cleachtas um chúram pearsanta, bia sláinte agus aclaíocht isteach in obair ranga. Áirítear leis seo gach scoláire ag forbairt plean aclaíochta. Glacann Seán agus a chomhscoláirí sealanna ag ní, ag smúdáil agus ag filleadh geansaithe peile scoile.

Foghlaimíonn Seán conas aire a thabhairt d'éadaí agus faoin tábhacht a bhaineann le sláinteachas pearsanta tar éis aclaíochta.

Déanann meantóirí agus meantaithe siopadóireacht le haghaidh bia sláinte dá gcruinniú lóin. Tugann seo deis do Sheán a bheith ag cleachtadh airgead a úsáid agus smailceacha folláine a roghnú agus é ag siopadóireacht. Tugann BBBS deis freisin chun a bheith ag cleachtadh lón a ullmhú leis an ngrúpa. Tá an scoil ag pleanáil taithí oibre dó i gcaifé áitiúil ina thríú bliain.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Tosaíochta Foghlama Sheáin

# Ag Ullmhú don Obair

## Gné: Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a fhorbairt maidir le

### trealamh a úsáid

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tugann an comhairleoir treorach treoir ghairme aonair do Sheán m.sh. maidir le hinfhaighteacht breisoideachais agus/nó a bheith ag obair sa phobal. Tugann grúpa beag scoláirí, Seán san áireamh, cuairt ar ionaid áitiúla oideachais d'aoisigh, Youthreach agus ionaid oiliúna chun deiseanna breisoideachais a fhiosrú leis an gcomhairleoir treorach.

### Foghlaim a aistriú

Le hullmhú le haghaidh cuairteanna, iad a phleanáil agus páirt a ghlacadh iontu, go dtí m.sh. an Stáisiún Dóiteáin, an Garda Stáisiúin agus ionad oibre, tugtar tuiscint do Sheán go bhfuil sláinte agus sábháilteacht agus sábháilteacht phearsanta tábhachtach. Úsáidtear cásanna 'cad é a tharlaíonn más ea...' chun ullmhú le haghaidh turais amuigh nó fiafraítear de Sheán cén chomhairle a thabharfadh sé dá dheartháir níos óige i gcásanna áirithe a d'fhéadfadh a bheith contúirteach. Chuaigh Seán ar thuras lena rang Tíreolaíochta, lena mhúinteoir agus lena CRS go dtí cairéal áitiúil, agus b'éigean dó cloí le rialacha daingne sláinte agus sábháilteachta nuair a bhí sé ar an suíomh. San Eacnamaíocht Bhaile foghlaimíonn Seán faoi lipéid ghuaise ar tháirgí. Is maith leis na siombailí a chóipeáil agus a tharraingt agus foghlaimíonn sé iad ar an gcaoi seo. Tá rialacha faoi leith sa tsaotharlann Eolaíochta, sa seomra Teicneolaíochta Ábhar (Adhmad) agus sa seomra TF maidir le sláinte agus sábháilteacht. Glacann Seán agus a chomhscoláirí páirt go rialta i ndruil tine, ina gcleachtar iompar sábháilte le linn cás a d'fhéadfadh a bheith contúirteach.

### Dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint

Aithnítear iarrachtaí agus diongbháilteacht Sheáin i leith na foghlama an oiread agus chomh minic agus is féidir ar scoil agus sa bhaile. Tá múinteoirí leanúnach agus mar pholasáí, cuirtear aiseolas in iúl go haonarach i gcónaí do Sheán ionas gurb eol dó cad é an chéad chéim eile san fhoghlaim. Sa rang scríobhtar dáta, obair bhaile agus cuspoir an cheachta ar an gclár bán. Tá bua faoi leith ag meantóir BBBS Sheáin agus tá sé cabhrach ina aiseolas do Sheán. Úsáidtear breathnóireacht múinteora agus bileoga tascanna difreáilte chun réimse dá ATFanna a mheas. Bailítear a chuid oibre go léir ina phunann, a athbhreithnítear i rith na bliana.

## Príomhthascanna/ gníomhaíochtaí measúnaithe i gcomhair fianaise ar fhoghlaim

Tugtar amach gradaim do scoláire na bliana agus d'aitheantais speisialta le linn oíche na ngradam, agus tá ceann acu faighte ag Seán de bhrí gur fheabhsaigh a thinreamh agus ar son a éachtaí tionscadail. Is ócáid bhliantúil é seo, a mbíonn teaghlaigh, Príomhfheidhmeannach an Choiste Gairmoideachais, comhaltaí den bhord bainistíochta agus aíonna eile ag freastal air. Tá duaiseanna tinrimh agus aitheantas speisialta Sheáin frámáilte agus curtha ar taispeántas go caomhnóir Sheáin sa bhaile. Cuirtear saothar ealaíne Sheáin agus a chomhscoláirí ar taispeántas go rialta sa seomra ealaíne. Cuirtear ar taispeántas déantáin Sheáin agus a chomhscoláirí sa rang Teicneolaíochta Ábhar (Adhmad) le haghaidh tráchtairíochta (tá bosca uirlisí déanta ag Seán le deireanas). Cuireadh an saothar is fearr aige ar taispeántas le linn oíche na ngradam, agus chabhraigh sé féin agus cuid dá chairde leis na múinteoirí ina seomraí faoi leith ar an oíche chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na scoile agus í a chur chun cinn.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

Sular chláraigh Seán ann, ní raibh taithí ag an scoil ag obair le scoláire a bhfuil míchumais foghlama mheánacha air. Bheadh sé go hiontach dá mbeadh an clár foghlama ann dó sa chéad bhliain, mar roimh an gclár bhí a iompar agus a thinreamh ag tosú ag dul in olcas. Cé go bhfuil rang Sheáin ag glacadh páirte sa JCSP agus go mbraitheann siad é a bheith an-tairbheach mar léirítear leis dul chun cinn trí na ráitis chríochnaithe, níl aon cheann de na ráitis seachas iad siúd sa rannán um scileanna bunúsacha oiriúnach do Sheán.

Cuirtear ar fáil leis an gclár foghlama bealach chun struchtúr a chur ar fhoghlaim Sheáin agus is bealach é chun a éachtaí a thaispeántas.

Tá sé seo an-tábhachtach mar ní bheidh Seán ag glacadh aon ábhair sa Teastas Sóisearach. Tá Seán agus a chaomhnóir ag súil go bhfaighidh Seán teastasú as a chuid ama ar scoil.

Tá tuairiscithe ag teaghlach Sheáin go raibh Seán an-sásta ar scoil. Dúirt siad gur éirigh sé níos treallúsaí. Braitheann an scoil gur comhtháthaíodh sa chlár foghlama foghlaim a leabaíodh i gcásanna fóirshaoil agus cuireadh san áireamh ann spéiseanna agus láidreachtaí Sheáin. Is léir freisin go bhfuil feabhas tagtha ar Sheán sna ATFanna go léir – tá an dul chun cinn is suntasaí i bhfeabhsú Sheáin in úsáid airgid, am, TCF agus scileanna sóisialta.

Ní mór an clár foghlama a chur in iúl níos soiléire do gach duine de mhúinteoirí Sheáin ionas go mbeidh gach múinteoir in ann gealltanais a thabhairt go gcuirfidh siad an clár foghlama i gcrích. Bealach amháin leis seo a dhéanamh ab ea na torthaí foghlama a bhriseadh síos i gcéimeanna níos soláimhsithe dó i ngach rang ábhair. D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó cumarsáide i gceist leis seo leis na páirtithe go léir a bhfuil baint acu le hoideachas Sheáin. Ba cheart an clár a athbhreithniú faoi dhó sa bhliain, de réir pholasaí na scoile maidir le tuairisciú ar ais do thuismitheoirí/caomhnóirí ar dhul chun cinn scoláirí. Tá tuilleadh pleanála ag teastáil maidir le hullmhú le haghaidh obair ATF – le cineál éigin taithí oibre d'fheabhsófaí foghlaim Sheáin agus ní mór machnamh ar thuilleadh comhairliúcháin leis an gcomhairleoir treorach.

*Tá rang Sheáin ag glacadh páirte sa JCSP agus braitheann siad é a bheith an-tairbheach mar léirítear leis dul chun cinn trí na ráitis chríochnaithe, níl aon cheann de na ráitis seachas iad siúd sa rannán um scileanna bunúsacha oiriúnach do Sheán.*



## Clár foghlama 4: Máire (scoil speisialta)

---

Is scoláire 16 bliana í Máire atá sochaideartha, íogair agus sona agus is maith lena comhscóláirí í. Tá spéis mhór sa cheol aici féin agus ag a deirfiúr atá dhá bhliain níos sine ná í. Is breá léi éisteacht le ceol, amhránaíocht, damhsa agus scipeáil agus tá bua na rithime aici. Is féidir léi a bheith cúthail agus is minic a bhíonn spreagadh agus gríosú ag teastáil uaithi chun idirghníomhú le daoine eile.

Tá Máire ar an speictream uathachais agus tá míchumas foghlama meánach uirthi. Tá a scileanna éisteachta ar fheabhas; is féidir léi fuaimeanna a chlosteáil agus a idirdhealú ó chian. Ar scoil cuireann callán isteach go mór uirthi. Oireann timpeallacht chiúin go maith di. Tá teannas matáin lag agus droch-dheaslámhacht aici, agus tá a cuid scileanna eagraithe agus seichimh go dona. Faigheann Máire teiripí urlabhra agus teanga, reifléacseolaíochta agus ceoil le linn a seachtaine scoile. Tá clár aclaíochta aici freisin le haghaidh na deaslámhachta.

Tá Máire sa tríú bliain den tsraith shóisearach, agus i rang ina bhfuil 8 scoláirí a bhfuil cumais agus riachtanais éagsúla acu, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil fadhbanna iompair acu.

Tá atmaisféar an ranga suairc agus bíonn meanma an ranga dearfach de ghnáth. Freastalaíonn Máire ar scoil speisialta ina bhfuil 73 scoláire, le 11 mhúinteoir agus 12 CRS. Scoil chomhoideachais atá ann, atá rannta idir bunscoil, sraith shóisearach agus sraith shinsearach, ag tairiscint clár ag Leibhéal 2 den NFQ, an tSraith Shóisearach agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Is é atá i gceist le cultúr na scoile ná cothú, moladh, spreagadh agus dúshlán dá scoláirí. Mar gheall air seo feabhsaítear féinmheas agus tuiscint ar luach pearsanta gach scoláire agus an méid a chuireann siad le pobal na scoile.

*Is é atá i gceist le cultúr na scoile ná  
cothú, moladh,  
spreagadh agus dúshlán dá  
scoláirí, agus mar gheall air seo  
méadaítear agus feabhsaítear  
féinmheas...*

## Foghlaim phearsantaithe

Múinteoir ranga Máire a dhréachtaíonn a PODA, i gcomhar le gairmithe eile atá páirteach, a CRS, a tuismitheoirí agus í féin. Déanann an fhoireann seo é a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn na scoilbhliana, chomh maith le hathbhreithniú agus pleanáil sheachtainiúil ag an múinteoir ranga. Is iad na spriocanna tosaíochta foghlama a aithnítear do Máire ina PODA:

1

Cur chun cinn an neamhspleáchais di i réimse an churaim phearsanta.

2

Tógáil caidreamh cuí agus bríoch le daoine eile.

3

Feabhsú ar a féinmheas.

## Achoimre ar chlár foghlama Máire

Aonaid Tosaíochta Foghlama	Gnéithe	Ábhair na sraithe sóisearaí/ gníomhaíochtaí scoile
Cumarsáid agus litearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Labhairt go cuí le haghaidh críocha éagsúla agus aird a thaispeánt mar éisteoir</li> </ul>	Béarla agus gach ábhar
Uimhearthacht	<ul style="list-style-type: none"> <li>Airgead a bhainistiú</li> <li>Feasacht faoi am a fhorbairt</li> </ul>	Matamaitic
Cúram pearsanta	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cúram maith pearsanta laethúil a fhorbairt</li> </ul>	Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, OSPS, Eolaíocht, OSSP
Cónaí i bpobal	<ul style="list-style-type: none"> <li>Caidrimh dhearfacha a chothú</li> <li>Coimhlint a réiteach</li> </ul>	OSPS, Corpoideachas, Theicneolaíocht Adhmaid
Ullmhú don obair	<ul style="list-style-type: none"> <li>Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair</li> </ul>	Comhairleoireacht treorach

## Teagasc agus foghlaim

### Cur chuige uilescoile

Glactar le cur chuige uilescoile chun forbairt mhóthúcháinach gach scoláire a chur chun cinn. Leis seo aithnítear freagairtí uathúla gach scoláire ar chásanna, gníomhaíochtaí agus foghlaim. Tá múinteoirí agus baill foirne tiomnaithe d'fhorbairt feasachta mothúchánaí do gach scoláire mar bhonn dá bhfoghlaim go léir.

### Difreáil

Is minic a úsáideann múinteoirí Mháire scéalta sóisialta chun foghlaim a phearsantú di, agus do na grúpaí éagsúla a mbíonn sí páirteach iontu i rith an lae scoile. Leo seo dírithear isteach ar ghné shonrach dá foghlaim atá tábhachtach i dtopaic faoi leith i réimse foghlama. Is modh é eiseamláiriú a oireann do Mháire agus dá comhscoláirí. Chomh maith leis sin, le heiseamláiriú múinteora, eiseamláiriú comhscoláirí, agus breathnú ar DVDanna a táirgeadh ar bhonn trádála, ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga nó i ngrúpaí ranga, cuirtear ar fáil deiseanna éagsúla agus dírithe ar scil faoi leith a fheabhsú.

Is eol do mhúinteoirí Mháire luach leideanna ilchéadfacha lena foghlaim a fheabhsú. Tá fíorchásanna amhail rannpháirtíocht sa chlub bricfeasta, taithí oibre agus siopadóireacht ríluachmhar. Sa seomra ranga is minic a úsáidtear pictiúir chomh maith leis an bhfocal labhartha, chun scileanna agus foghlaim a fhorbairt, m.sh. pictiúir a shórtáil i gcatagóirí, cártaí leide comhrá a úsáid chun tacú le scileanna comhrá Mháire, ag úsáid teicneolaíocht chúnata amhail ríomhairí glúine chun clár a léamh agus do thascanna scríbhneoireachta, brabhsáil idirlín, agus ríomhphost.

## Teagasc agus foghlaim

I measc cuir chuige theagaisc agus foghlama tá ceol á úsáid san fhoghlaim, mar is paisean é an ceol do Mháire. Mar shampla, úsáideann múinteoir Mháire leideanna ceoil le hathrú ó thasc amháin go tasc eile a chomharthú, agus chun amanna sosa agus lóin a chomharthú (ag tacú, mar sin, le foghlaim faoin am). Úsáidtear ceol freisin in OSPS chun giúmair agus mothúcháin a fhiosrú – spreagtar don scoláire ‘an mothúchán a tharraingt’ – leadrán mar shampla – tar éis píosa cuí ceoil a roghnú chun teacht le leadrán, ó rogha a chuireann an múinteoir ar fáil. Mar gheall air seo bíonn an-spraoi ann sa ghrúpa agus iad ag freagairt do phíosaí difriúla. Baineann Máire sult as na cuir chuige seo.

I rith an lae is iomaí deis a chuirtear ar fáil le haghaidh obair bheirte, mar a sanntar róil do gach scoláire. Is minic Máire ag brath go bhfuil sé seo an-dúshlánach agus tacaítear léi i rith an lae, trí leid a thabhairt, eiseamláiriú, agus spreagadh go leor.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Mháire

# Uimhearthacht

## Gné: Airgead a bhainistiú

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Déantar an ATF seo a theagasc agus a fhoghlaim trí chluichí, rólimirt, eispéiris ar shiopadóireacht fíorshaoil, chomh maith le hobair dheisce agus ranga. Aithnítear airgead trí bhoinn agus nótaí plaisteacha, ansin bogtar ar aghaidh chuig fíorairgead. Cabhraíonn cleachtaí meaitseála agus péireála le haitheantas, mar shampla, *Aimsigh dom an bonn céanna leis an gceann seo*. Leagtar na boinn amach ansin taobh le taobh go dtí go bhfuil siad meaitseáilte le chéile. Forbraítear é seo ansin i gcluichí meaitseála comhionannais, agus na meascáin boinn agus nóta a aimsiú chun méideanna a theastaíonn a chur le chéile. Sa rang, eagraíonn an múinteoir cásanna siopadóireachta bréagacha leis an ngrúpa.

Treoraíonn duine fásta Máire trí fhíoreispéiris siopadóireachta, ag aimsiú rud a bhfuil d'acmhainn aici é a cheannach, ag aimsiú na mbonn ceart chun íoc as, agus ag dréim leis an tsóinseáil cheart.

## Gné:

## Feasacht ar am a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Foghlaimíonn Máire conas a clár ama féin a leanúint, ag úsáid clár ama den stíl Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr (PECS). Leagtar amach pictiúir de ghnáthamh laethúil Mháire i seicheamh gach lá. Oibríonn Máire air seo le tacaíocht. Mar sin is eol do Mháire cad é an chéad ghníomhaíocht eile. Déantar an clár ama a dhréachtú le Máire agus cuireann sí dath orthu agus greamaíonn iad in áit le gliú. Leis seo éascaítear úinéireacht Mháire ar a sceideal laethúil.

Forbraíonn tuiscint Mháire ar a clár ama agus an úsáid a bhaineann sí as in imeacht ama. Foghlaimíonn sí príomh-amanna sa lá a aithint, amhail amanna sosa. Baineann aghaidheanna cloig cuí le gach gníomhaíocht sna pictiúir, mar sin déantar léamh cloig leis an sceideal ama seo a leanas.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Mháire

# Cumarsáid agus Litearthacht

## Gné:

Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Baineann an ATF seo le gach ceann d'eispéiris Mháire. Is deiseanna iad go léir comhrá faoina spéiseanna ceoil, cibé acu a thaitin nó nár thaitin turas léi, nó a tuairim ar amhrán nua leis an gceoltóir is fearr léi, a úsáidtear chun a labhairt agus a héisteacht a fhorbairt i rith an lae scoile. Tá gabhchumas teanga Mháire láidir i gcomparáid lena ginchumas teanga. Is cabhair iad rólímirt, samplaí DVD agus eiseamláiriú eile, chomh maith le cluichí, do Mháire chun teanga atá cuí le haghaidh suíomhanna éagsúla a idirdhealú. Spreagtar scileanna comhrá agus déantar iad a eiseamláiriú trí cheacht ar stíl nuacht na maidine. Tógann an múinteoir agus Máire sealanna ag insint a nuachta. Is bunchuid de sin do Mháire foirmeacha ceisteacha.

*Múinteoir: 'Céard a rinne tú aréir?'*

*Mary: 'Teilifís.'*

*Múinteoir: 'Ar bhreathnaigh tú ar Fair City ar an teilifís?'* *Mary: 'Bhreathnaigh'*

*Múinteoir: 'Ar mhaith leat a fháil amach céard a rinne mise?'* *Mary: 'Ba mhaith.'*

*Múinteoir: 'Maith go leor, fiafraigh díom!'.....*

Bheadh sampla eile d'fhoghlaim sa réimse seo i dTeicneolaíocht Ábhar (Adhmad). Léiríonn an múinteoir do Mháire conas tasc a dhéanamh agus déanann sé tráchtareacht reatha, m.sh.

*'Anois, a Mháire, táim ag dul an phíosa adhmaid seo a ghearradh agus ansin gearrfaimid é in éineacht leis an bpíosa seo. An féidir leat greim a choinneáil ar an mbloc seo dom?'*

Is é freagairt Mháire go ndéanann sí gáire agus deir sí arís cuid de stór focal an cheachta. Baineann sí sult as an ngníomhaíocht. Ag deireadh an tionscadail tá píosa críochnaithe oibre ag Máire di féin, a bhain sí amach le roinnt tacaíochta, m.sh. seilf nó raca CDanna. Le tacaíocht agus leideanna ceiste, is féidir léi cur síos a dhéanamh i dtéarmaí bunúsacha ar cad é atá ann agus conas a rinne sí é.

## Aonad Foghlama Tosaíochta

### Aonaid Foghlama Tosaíochta Mháire

## Ag Cónaí i bPobal

### Gné: Dea-chaidrimh a fhorbairt agus Coimhlint a réiteach

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Don ATF seo, bíonn caint agus plé ar thopaicí le linn an ranga OSPS úsáideach. Tá Máire páirteach ag éisteacht go cúramach le comhrá, ag freagairt air agus ag cur tús leis, chomh maith le páirt a ghlacadh i bplé. Tá na topaicí OSPS scileanna cumarsáide, cairdis, caidrimh agus gnéasacht, go háirithe ábhartha.

#### Naisc leis an mórphobal

Glacann Máire páirt gach maidin sa chlub bricfeasta. Tugann sé seo deis le haghaidh foghlaim in atmaisféar socair a chothaíonn folláine, agus tugann sé deiseanna do scoláirí idirghníomhú lena chéile ar bhealach sóisialta. Is spreagadh é boladh tósta agus tae ar maidin sula dtosaíonn an rang do na scoláirí agus tugann sé tús dearfach le haghaidh an lae dóibh. Baineann Máire an-sult as an suíomh sóisialta seo gach maidin. B'fhéidir gurb é a ról lá amháin an tábla a leagan le cabhair ó CRS agus sceanra a thriomú ag an deireadh. Tógann a comhscoláirí sealanna á dhéanamh seo.

Is ball díograiseach d'fhoireann *rings* na scoile í Máire. Cothaíonn sé seo imirt i sealanna, iomaíocht, deacrachtaí a thagann chun cinn go nádúrtha i ngníomhaíochtaí foirne a réiteach – cé a dhéanann cad é, cé a théann ar dtús etc.? Le comórtas idir scoile cuirtear feabhas freisin ar idirbheartaíocht agus comhoibriú i scoileanna. Tugtar tuilleadh tacaíochta don fhoghlaim seo i gCorpoideachas trí dhamhsa agus gníomhaíochtaí eile, trí obair ghrúpa nó bheirte san Eacnamaíocht Bhaile, sa rang drámaíochta agus a lán deiseanna foghlama comhoibríochta eile ar fud an churaclaim.



Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Mháire

## Cúram Pearsanta

### Gné:

### Cúram maith pearsanta laethúil a fhorbairt

---

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Tá gach gníomhaíocht de chuid Mháire sa réimse seo praiticiúil agus bunaithe ar an bhfíorshaol. Déantar aghaidh a ní, fiacla a scuabadh, gruaig, gléasadh trí eiseamláiriú. Tá a mála folctha féin ag Máire ina bhfuil éadach aghaidh, gallúnach, scuab fiacla agus taos fiacla, a úsáideann sí le haghaidh na gceachtanna seo. Spreagtar í le bheith chomh neamhspleách agus is féidir agus is féidir léi na tascanna seo a dhéanamh le fórbheagán spreagtha agus tacaíochta. Teagasctar zipeanna agus fáiscíní ar bhealach réalaíoch freisin. Taispeántar do Mháire cén taobh den zip is gá greim a fháil air le tarraingt aníos lena lámh dheas chun an fáiscín a dhúnadh.

Aonad  
Foghlama  
Tosaíochta

Aonaid Foghlama Tosaíochta Mháire

## Ag Ullmhú don Obair

### Gné:

## Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair

Léargas gearr ar roinnt gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama samplacha a chlúdaíonn an ghné seo

Buileann an comhairleoir treorach le Máire uair sa tseachtain chun an ATF seo a athbhreithniú agus a phleanáil. Tá Máire páirteach i glár inmheánach taithí oibre na scoile. Glacann sí freagracht as codanna éagsúla den seomra ranga agus den scoil, le tacaíocht. San áireamh san uainchlár tascanna tá clog na scoile a bhualadh (nasctha le foghlaim an ama thuas), siopadóireacht agus eagrú an tseomra foirne, aire a thabhairt do na tailte, a bheith ag obair i ngairdín na scoile, cabhrú i leith athchúrsála, m.sh. dathchódú agus boscaí bruscair a lipéadú. Mar chuid uainchlár ina bhfuil Máire páirteach tá gallúnach agus tuáillí a choinneáil sa leithreas freisin. Le cuidiú ón CRS, bailíonn Máire tuáillí agus gallúnach timpeall na scoile, ag brú tralaí, ag tabhairt tuáillí glana go dtí na seomraí ranga, agus ag tabhairt tuáillí úsáidte go dtí an neachtlann. Cuirtear i gcuimhne do Mháire, nuair is gá, na tuáillí a lorg agus úsáideann sí stór focal sóisialta, 'le do thoil' agus 'go raibh maith agat' ina cuid idirghníomhaíochtaí le pearsanra na scoile. Is ullmhúchán é seo don taithí oibre lasmuigh den scoil a chuirtear ar fáil do scoláirí sa tsraith shinsearach, in óstán áitiúil. Beidh Máire ábalta páirt a ghlacadh ann sa bhliain seo chugainn.



## Dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint

Cothaíonn an scoil admháil agus aithint ionraic ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil san iompar dearfach agus san fhoghlaim araon.

Le tionóil scoile uile ar an Aoine tugtar deiseanna chun éachtaí spóirt, acadúla, sóisialta agus eile a cheiliúradh.

Laistigh dá rang gach seachtain bronntar cártaí glasa agus óir le haghaidh éachtaí faoi leith gach seachtain.

Ainmnítear scoláirí na míosa ó gach rang. Faigheann an buaiteoir foriomlán plaic agus grianghraf i bhfráma.

Cuirtear éachtaí agus foghlaim in iúl trí ghlaonna fóin abhaile agus nótaí i ndialanna freisin, agus aithnítear leo dul chun cinn scoláirí.

## Príomhthascanna/ gníomhaíochtaí measúnaithe i gcomhair fianaise ar fhoghlaim

Tugann múinteoir ranga Mháire aitheantas do láidreachtaí foghlama Mháire agus dá héachtaí ar bhonn leanúnach i rith an lae scoile, á mheascadh seo le moltaí agus tacaíocht maidir le conas is féidir léi roinnt dá dúshláin a bhaint amach.

Is maith le Máire a dul chun cinn a rianú agus is spreagadh leanúnach é seo i dtreo tuilleadh foghlama. Tá sé lárnach dá foghlaim agus don mheasúnú leanúnach di a spriocanna nua foghlama a shocrú. Is cabhair é a héachtaí foghlama agus a dúshláin a chomhroinnt lena teaghlach chun spéis Mháire ina cuid foghlama a choinneáil agus a spreagadh.

Déantar foghlaim Mháire a mheas le breathnóireacht múinteora ar scileanna a shealbhaítear agus spriocanna a bhaintear amach. Déantar a punann a mheasúnú go seachtainiúil, in éineacht léi, i dtéarmaí cur i gcrích tascanna. Bíonn scrúduithe ranga difreáilte. Stóráiltear iad seo freisin ina punann.

## Roinnt machnaimh ar an gclár foghlama

Is bealach iontach an clár foghlama chun dul chun cinn agus éachtaí Mháire a athbhreithniú i rith na bliana. Bhí sé an-úsáideach don scoil an t-athbhreithniú ar chlár foghlama Mháire a nascadh lena cruinnithe athbhreithnithe PODA. Amach anseo beidh ar an scoil níos mó airde a thabhairt ar bhealaí éagsúla fianaise ar fhoghlaim Mháire a bhailiú, mar shampla, físeán a ghlacadh di ag léiriú taisc b'fhéidir. Tá sé ríthábhachtach freisin naisc a bhunú leis na gníomhaíochtaí seachtracha a bhfuil baint acu le cúram Mháire agus iad a chur san áireamh i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm a cláir.

Tá tugtha faoi deara ag deirfiúr altrama Mháire go bhfuil sé tar éis éirí níos sochaideartha agus go bhfuil sí ag idirghníomhú níos mó lena comhscoláirí. Tá níos mó spéise aici rudaí a dhéanamh di féin, a lón féin a dhéanamh agus cúram a dhéanamh dá cuma. Tá an-imní ar a deirfiúr altrama gurb iad neamhspleáchas agus scileanna Mháire príomhfhócas a cláir foghlama an bhliain seo chugainn.

*Tá tugtha faoi deara ag deirfiúr altrama Mháire go bhfuil sé tar éis éirí níos sochaideartha agus go bhfuil sí ag idirghníomhú níos mó lena comhscoláirí.*

# **Aguisín 1:** **Briathra Gnímh Chláir Foghlama**

Léirítear briathra thorthaí foghlama uile Chláir Foghlama Leibhéal 2 trí chumarsáid lena gcomhscóláirí agus/nó daoine fásta. Tá an chumarsáid mar thaca agus mar bhonn faoi gach foghlaim agus tá sí ríthábhachtach le bheith in ann an foghlaim a aistriú. Tá cumarsáid agus teanga mar bhunús le gach ATF eile. San aonad seo, cuimsítear bealaí briathartha agus neamhbhriathartha araon san foghlaim chun eolas a fháil agus a thabhairt. Teastaíonn idirghníomhú sóisialta idir an scoláire agus páirtí cumarsáide i gcomhair forbairt teanga. Is féidir cumarsáid do na scoláirí seo a chumasú agus a chur chun cinn le cabhair ar nós cumarsáid bhreitheach agus mhalartach, m.sh. leideanna amhairc agus míre, leideanna ó bhéal, gotha gnúise, geáitsíocht, teanga chomharthaíochta (ar nós Theanga Chomharthaíochta na hÉireann), gairis leictreonacha, Braille (nó Moon4) agus i bhfoirm scríofa.

Trí scileanna cumarsáide a fhorbairt, breisíonn an scoláire a idirghníomhaíochtaí sóisialta agus feabhsaíonn sé a fhéinmheas.

## Briathra Gnímh Chláir Foghlama Leibhéal 2

Rochtain	Faisnéis ar thopaic shonrach a fháil d'aon ghnó agus a aisghabháil,
Déan comparáid	Na cosúlachtaí nó na difríochtaí idir dhá rud nó dhá chás.
Cuir le chéile	Faisnéis a úsáid agus a chur le chéile.
Léirigh	Feasacht, scil nó tuiscint a léiriú.
Idirdhealaigh	An difríocht idir daoine, comhthéacs, coincheap nó rud a aithint.
Meas	Luach garbh a thabhairt.
Mínigh	Cur faisnéis in iúl go soiléir trí chur síos uirthi le níos mó sonraí.
Fiosraigh	Tuilleadh eolais a fháil i leith ruda.
Cuir in iúl	Mothúchán, tuairim nó teachtaireacht a léiriú.
Cuir i bhfeidhm	Cur cinneadh, plean nó comhaontú i ngníomh.
Léirmhínigh	Cur tuiscint ar fhaisnéis, eolas nó scil in iúl.
Coinnigh	Coinnigh, machnaigh agus/nó athbhreithnigh.
Láimhsigh	Athraigh, bog nó cuir eagar.
Glac páirt	Léirigh rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht foghlama.
Aithin	Léirigh tuiscint ar aithne ar dhaoine, comhthéacs, coincheap, nó rud Athbhreithnigh
(Measúnaigh)	Ag féachaint ar ábhar d'fhonn é a cheartú, a fheabhsú nó a leasú
Réitigh	Oibrigh amach freagra nó réiteach le haghaidh rud éigin.
Tuig	Léirmhínigh agus cuir i bhfeidhm foghlaim i gcomhthéacs sonracha.

## **Aguisín 2:** Táscairí an Chreata Náisiúnta


Léirítear le dámhachtain ag Leibhéal 2 foghlaim bhunúsach le treoir le tacaíocht mhaith. Tá an raon cúng. Tá foghlaim forbarthach ach d'fhéadfaí eolas, scil agus inniúlacht a bhaineann le réimsí áirithe foghlama a áireamh ann, m.sh. gnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu, lena n-áirítear tagairt don ionad oibre. Déantar foráil leis an dámhachtain le haghaidh scileanna a thógáil maidir le dul chun cinn agus cur i gcrích taisc faoi threoir, agus le haghaidh aithint fheabhsaithe scileanna, cumais agus buanna an scoláire féin, agus cumas déileáil le rogha agus cinnteoireacht.

## Creat táscairí Leibhéal Treoirínte Náisiúnta Cáilíochtaí

### Leibhéal 2

Leithne Eolais	Eolas atá cúng ina raon.
Cineál Eolais	Nithiúil i dtagairt agus bunúsach i dtuiscint.
Fios Gnó & Scil <i>Raon</i>	Raon teoranta scileanna bunúsacha, praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear na huirlisí ábhartha a úsáid
Fios Gnó & Scileanna <i>Roghnaíocht</i>	Seicheamh gnáth-thascanna a dhéanamh faoi threoir shoiléir
Inniúlacht <i>Comhthéacs</i>	Feidhmiú i raon teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha.
Inniúlacht <i>Ról</i>	Feidhmiú i raon ról, faoi threoir
Inniúlacht <i>Foghlaim le foghlaim</i>	Foghlaim le foghlaim ar bhealach smachtaithe i dtimpeallacht dea-struchtúrtha agus maoirsihte.
Inniúlacht <i>Léargas</i>	Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó féin.

# An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí



## AWARDING BODIES

- FETAC - Further Education and Training Awards Council
- SEC - State Examinations Commission (*Department of Education & Science*)
- HETAC - Higher Education and Training Awards Council
- IOT - Institutes of Technology (*make their own awards at specified levels under Delegated Authority from HETAC*)
- DIT - Dublin Institute of Technology
- Universities

## AWARDS IN THE FRAMEWORK

There are four types of award in the National Framework of Qualifications:

- Major Awards: are the principal class of awards made at a level
- ▲ Minor Awards: are for partial completion of the outcomes for a Major Award
- Supplemental Awards: are for learning that is additional to a Major Award
- ◆ Special Purpose Awards: are for relatively narrow or purpose-specific achievement



© NCCA 2019

